2024/844

14.3.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/844 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Márta 2024

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí dé-ocsaídí mangainéise leictrealaíocha ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach ([1]) ('an bun-Rialachán') iad agus go háirithe Airteagal 9(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

(1) An 16 Feabhra 2023, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí dé-ocsaídí mangainéise leictrealaíocha ('EMD') de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín' nó 'an tír lena mbaineann') ar bhonn Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2016. D'fhoilsigh sé Fógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]) ('an Fógra Tionscnaimh').

(2) Rinne an Coimisiún an t-imscrúdú a thionscnamh tar éis do Autlan EMD SL gearán a thaisceadh an 3 Eanáir 2023 ('an gearánach' nó 'Autlan'). Thacaigh Tosoh Hellas Single Member S.A. ('Tosoh') leis an ngearán. Shuigh an Coimisiún go ndearna tionscal EMD an Aontais an gearán de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. An fhianaise a bhí sa ghearán maidir le dumpáil agus leis an díobháil ábhartha ba thoradh uirthi, ba leor an fhianaise í chun an t-imscrúdú a thionscnamh.

1.2. Saobhadh amhábhar

(3) An 7 Meán Fómhair 2023, d'iarr an gearánach, i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, go n-áireofaí ann an scrúdú ar shaobhadh líomhnaithe amhábhair sa tír lena mbaineann maidir leis an táirge atá faoi imscrúdú chun a mheas an leor, más ábhartha, dleacht níos ísle ná an corrlach dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil. Chuir an gearánach fianaise leordhóthanach ar fáil nach bhfuil aon aisíocaíocht cánach breisluacha ('CBL') ar onnmhairí méine mangainéise sa tír lena mbaineann. Aisíocaíocht CBL a laghdú nó a aistarraingt, luaitear go sainráite in Airteagal 7(2a), an dara fomhír, gur saobhadh ar amhábhair atá ann.

(4) Chun scrúdú a dhéanamh ar an saobhadh amhábhar agus chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a bheadh nó nach mbeadh dleacht níos ísle ná an corrlach dumpála leordhóthanach chun an díobháil a bhaint ag an gcéim chinntitheach, leasaigh an Coimisiún an Fógra Tionscnaimh an 16 Feabhra 2023 de bhun Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán chun scrúdú a dhéanamh ar an saobhadh amhábhar agus chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a bheadh nó nach mbeadh dleacht níos ísle ná an corrlach dumpála leordhóthanach chun an díobháil a bhaint, más ábhartha. Foilsíodh an Fógra lena leasaítear Fógra tionscnaimh an 13 Meán Fómhair 2023 ([3]) ('Fógra leasaitheach').

(5) Ina dhiaidh an leasaithe, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara agus, i gcás inarb ábhartha, sheol sé ceistneoirí chucu, inar iarradh ar na páirtithe faisnéis a chur ar fáil faoi acmhainneachtaí breise sa tír lena mbaineann, iomaíocht le haghaidh amhábhar agus an tionchar ar shlabhraí soláthair do chuideachtaí san Aontas. Sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne ('Rialtas na Síne') freisin maidir le saobhadh amhábhar de réir bhrí Airteagal 7(2a) agus Airteagal 7(2b) den bhun-Rialachán.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.
([2]) Fógra tionscnaimh maidir le himeachtaí frithdhumpála a bhaineann le hallmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO C 57, 16.2.2023, lch. 11).
([3]) IO C 323, 13.9.2023, lch. 10.

(6) D'fhreagair dhá úsáideoir chomhoibríocha (Duracell International Operations Sàrl ('Duracell') agus VARTA Consumer Batteries GmbH & Co. KGaA ('Varta')) codanna ábhartha an cheistneora. An dá tháirgeoir de chuid an Aontais (Tosoh agus Autlan), táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte (Guangxi Guiliu New Material Co., Ltd ('Guiliu'), Xiangtan Electrochemical Scientific Ltd ('Xiangtan') agus Guangxi Daxin Huiyuan New Energy Technology Co., Ltd ('Daxin')), agus na comhlachais China Chamber of Commerce for Metals, Minerals and Chemicals Importers and Exporters ('CCCMC') agus Guanxi Manganese Industry Association ('GMIA'), chuir siad a mbarúlacha ar fáil. Bhreithnigh an Coimisiún an fhaisnéis agus na barúlacha a chuir na páirtithe leasmhara isteach agus rinne sé athbhreithniú ar a chuid conclúidí sealadacha i gcás inarbh iomchuí, mar a mhínítear sna ranna ábhartha thíos.

1.3. **Clárú**

(7) In éagmais aon bharúil, deimhnítear aithrisí (3) go (4) den Rialachán sealadach.

1.4. **Bearta sealadacha**

(8) I gcomhréir le hAirteagal 19a den bhun-Rialachán, an 15 Meán Fómhair 2023, chuir an Coimisiún achoimre ar na dleachta beartaithe ar fáil do pháirtithe agus mionsonraí maidir le ríomh na gcorrlach dumpála agus na gcorrlach atá leormhaith chun an díobháil do thionscal an Aontais a bhaint. Iarradh ar na páirtithe leasmhara barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna laistigh de thrí lá oibre. Fuarthas barúlacha ó cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte agus ón dá tháirgeoir de chuid an Aontais an 20 Meán Fómhair 2023.

(9) Mhaígh an táirgeoir onnmhairiúcháin Daxin gur cheart an corrlach dumpála a ríomh trí úsáid a bhaint as praghsanna díola onnmhairiúcháin agus gnáthluach gan CBL. D'ardaigh Tosoh, ar táirgeoir de chuid an Aontais é, pointe maidir le ríomh an spriocbhrabúis. D'iarr Autlan, an gearánach, go ndéanfar cruinneas ríomh an chorrlaigh dumpála a bhaineann le Daxin a athbhreithniú agus a dheimhniú agus d'iarr sé go nochtfaí sonraí onnmhaireora atá marcáilte mar shonraí íogaire sa nochtadh. Ós rud é nár bhain na barúlacha le cruinneas na ríomhanna, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go ndéanfaidh sé scrúdú orthu in éineacht leis na haighneachtaí uile eile tar éis fhoilsiú na mbeart sealadach.

(10) An 13 Deireadh Fómhair 2023, rinne an Coimisiún dleacht frithdhumpála shealadach a fhorchur ar allmhairí EMD de thionscnamh na Síne le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2120 ón gCoimisiún ([4]) ('an Rialachán sealadach').

1.5. **An nós imeachta ina dhiaidh sin**

(11) Tar éis nochtadh na bhfíoras agus na mbreithnithe fíor-riachtanacha ar ar a mbonn a forchuireadh dleacht frithdhumpála shealadach ('nochtadh sealadach'), na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte, na comhlachais, is iad sin CCMC agus GMIA, an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin de chuid an Aontais agus ceann amháin de na húsáideoirí, Duracell, chuir siad aighneachtaí i scríbhinn isteach ag cur a dtuairimí in iúl maidir leis na torthaí sealadacha laistigh den sprioc-am dá bhforáiltear in Airteagal 2(1) den Rialachán sealadach.

(12) Tugadh deis chainte do na páirtithe a d'iarr éisteacht chomh maith. Reáchtáladh na héisteachtaí seo a leanas: le Duracell an 23 Meitheamh agus an 28 Samhain 2023; le Autlan an 30 Meitheamh 2023; le Varta an 4 Iúil 2023; le Xiangtan an 25 Deireadh Fómhair 2023; le CCCMC an 16 Samhain 2023; agus éisteacht chomhpháirteach le Autlan agus Tosoh an 15 Samhain 2023.

(13) Lean an Coimisiún de bheith ag lorg agus ag fíorú na faisnéise uile a mheas sé a bheith riachtanach le haghaidh na dtorthaí cinntitheacha. Nuair a bhí na torthaí cinntitheacha á gcnuasach ag an gCoimisiún, sin é an uair a mheas sé na barúlacha a chuir na páirtithe leasmhara isteach, agus sin é an uair a rinne sé athbhreithniú ar a chuid conclúidí sealadacha i gcás inarbh iomchuí.

(14) Chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara go léir ar an eolas maidir leis na fíorais agus na breithnithe riachtanacha ar an mbonn a raibh sé beartaithe aige dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchur ar allmhairí EMD de thionscnamh na Síne ('an nochtadh deiridh'). Ceadaíodh tréimhse do gach páirtí leasmhar ina raibh siad in ann a mbarúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh deiridh. Chuir Autlan, Tosoh, CCCMC agus GMIA (go comhpháirteach), Xiangtan, agus Daxin barúlacha isteach laistigh den spriocdháta.

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2120 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2023, lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí dé-ocsaídí mangainéise leictrealaíocha de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L, 2023/2120, 13.10.2023, lch. 52).

1.6. **Maímh maidir le tionscnamh**

(15) In éagmais aon bharúil, deimhnítear aithrisí (1) go (2) den Rialachán sealadach.

1.7. **Éilimh maidir le saobhadh amhábhar faoi Airteagal 7(2a)**

(16) Chuir CCCMC/GMIA i gcoinne an sprioc-ama 15 lá a bhí luaite do na páirtithe uile chun barúlacha ar an measúnú ar leas an Aontais san Fhógra leasaitheach ([5]) a chur isteach, ós rud é go raibh na saincheisteanna faoi chúrsaí eacnamaíocha agus faoin slabhra soláthair a ardaíodh leis na himscrúduithe nua casta agus ós rud é go raibh taighde agus malartuithe faisnéise leis na cuideachtaí ag teastáil. D'iarr sé ar an gCoimisiún an Fógra tionscnaimh a leasú arís agus ar a laghad 30 lá a thabhairt do pháirtithe leasmhara chun barúlacha a chur isteach.

(17) Thug an Coimisiún dá aire, maidir leis na páirtithe uile a d'iarr síneadh ar sprioc-amanna agus a thug cúiseanna sonracha leis, gur tugadh síneadh den sórt sin dóibh. Chuir sé i dtábhacht freisin gur thug an Fógra tionscnaimh ([6]) ón 16 Feabhra 2023 deis do pháirtithe fós chun barúil faoin bhfaisnéis arna cur ar fáil ag na páirtithe eile a thabhairt laistigh de 7 lá ón sprioc-am le haghaidh barúlacha a thabhairt, agus dá réir sin go bhféadfadh na páirtithe uile an rogha sin a úsáid i gcás inar gá sin. I bhfianaise an mhéid sin, mheas an Coimisiún go raibh an t-am a tugadh do pháirtithe leasmhara chun barúlacha a thabhairt agus chun a dtuairimí a chur in iúl maidir leis an ábhar sin iomchuí.

(18) Mhaígh Guiliu, maidir le líomhain nua a rinne an gearánach 7 mí i ndiaidh imscrúdú a tionscnamh (agus ní 'tráth an tionscanta'), gur mhaolaigh sé sin ceart cosanta páirtithe leasmhara. Mhaígh Guiliu freisin gur cheart don Choimisiún leanúint dá chleachtas roimhe sin ([7]), inar diúltaíodh do mhaíomh an ghearánaigh maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, de bharr gur theip ar an ngearánach fianaise a sholáthar gurbh ann d'aon cheann de na cleachtais a liostaítear sa dara fomhír d'Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán tráth an tionscanta, agus nár shuigh an Coimisiún gurbh ann d'fhianaise den sórt sin tráth an tionscanta ach oiread. Ina theannta sin, luaigh Guiliu gur chuir an gearánach bac ar an imscrúdú trí na líomhaintí nua a chomhdú ag céim dhéanach den imeacht.

(19) Ar dtús, bhreathnaigh an Coimisiún go ndearnadh an iarraidh tar éis an nochta chinntithigh sa chás ar thagair Guiliu dó. Sa chás seo, rinneadh an iarraidh ina raibh fianaise leordhóthanach ar an saobhadh amhábhar líomhnaithe go tráthúil, roimh fhorchur na mbeart sealadach, rud a thug am leordhóthanach don Choimisiún chun imscrúdú éifeachtach a dhéanamh ar an ábhar i gcaitheamh an imscrúdaithe. Thairis sin, mheas an Coimisiún gur urramaíodh cearta cosanta na bpáirtithe go hiomlán. Go deimhin, le Roinn 5.5.1. den Fhógra Tionscnaimh, arna mhodhnú leis an bhFógra leasaitheach, cuireadh na hoibreoirí eacnamaíocha uile lena mbaineann ar an eolas faoina gcearta agus oibleagáidí nós imeachta agus tugadh tuairisc ar an bpróiseas a bhí beartaithe ag an gCoimisiún a leanúint chun an fhaisnéis a theastaigh dá thoradh a bhailiú agus chun teacht ar a gconclúidí faoin saobhadh amhábhar líomhnaithe. Bhí an deis ag páirtithe leasmhara barúil a thabhairt faoin bhfianaise a soláthraíodh san iarraidh arna cur isteach ag an ngearánach gurbh ann do shaobhadh suntasach líomhnaithe agus faoi aon ghné eile i ndáil leis an imscrúdú ar na líomhaintí maidir le saobhadh ar amhábhair. Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaímh Guiliu. Ar deireadh, i bhfianaise a bhfuil thuas, níl sé soiléir conas a chuir an gearán bac ar an imscrúdú, mar a líomhnaíodh. Níor mhínigh Guiliu é sin. An iarraidh, i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, go n-áireofaí an scrúdú ar shaobhadh amhábhair líomhnaithe, mheas an Coimisiún go raibh an iarraidh sin tráthúil agus nár chuir sí cosc ar an gCoimisiún scrúdú cuí a dhéanamh ar an ábhar sin.

(20) Mhaígh Duracell nach bhféadfaidh an Coimisiún bunús dlí nua a thabhairt isteach faoi chuimsiú an imscrúdaithe atá fós ar siúl agus chun raon feidhme modheolaíoch imscrúdú den sórt sin a leasú, ós rud é nach bhfuil aon rud sa bhun-Rialachán lena dtugtar teideal dó fianaise fhorlíontach a bhreithniú, ar fianaise í nach raibh ann tráth an tionscanta. Rinne an páirtí tagairt de réir analaí do rialú na Cúirte in T-126/21, Azot v An Coimisiún ([8]), inar chinn an Chúirt, maidir leis an gcoinníoll a bhaineann le leordhóthanacht na fianaise in iarraidh ar athbhreithniú arna déanamh ag táirgeoirí de chuid an Aontais nó thar a gceann, de réir bhrí an dara fomhír d'Airteagal 11(2) den bhun-

([5]) Fógra lena leasaítear Fógra tionscnaimh maidir le himeachtaí frithdhumpála i ndáil le hallmhairí dé-ocsaídí mangainéise áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne a foilsíodh an 16 Feabhra 2023, (IO C 323, 13.9.2023, lch. 10).

([6]) Fógra tionscnaimh maidir le himeachtaí frithdhumpála a bhaineann le hallmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO C 57, 16.2.2023, lch. 11).

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de thúir gaoithe cruach áirithe ar scála fóntais de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO L 450, 16.12.2021, lch. 59).

([8]) Cás T-126/21, Azot v An Coimisiún, EU:T:2023:376.

Rialachán, go gcomhlíontar é i gcás ina gcuirtear fianaise den sórt sin isteach laistigh den teorainn ama. Ina theannta sin, mhaígh Duracell gur dhiúltaigh an Coimisiún d'iarrataí den chineál céanna ina chleachtas dílis agus gur cheart an réasúnaíocht chéanna a chur i bhfeidhm de réir analaí ([9]).

(21) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán chun an scrúdú ar shaobhadh amhábhar líomhnaithe a áireamh i gcomhréir leis an gcaighdeán dlíthiúil is infheidhme maidir leis an iarraidh arna déanamh ag táirgeoirí de chuid an Aontais nó thar a gceann, ar bhonn Airteagal 5 den bhun-Rialachán. Chuir an gearánach fianaise leormhaith ar fáil de bhun Airteagal 5 gurbh ann do shaobhadh amhábhar mar a shainmhínítear in Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán agus dá bhrí sin leasaigh an Coimisiún an Fógra tionscnaimh ionas go gcumhdófaí an saobhadh amhábhar freisin leis an imscrúdú, mar a cheanglaítear leis an mbun-Rialachán. Dá bhrí sin, níor sháraigh an Coimisiún aon chaighdeán dlíthiúil aitheanta agus an t-imscrúdú á thionscnamh aige. Thairis sin, maidir leis an tagairt do rialú na Cúirte in T-126/21 a luaigh Duracell, thug an Coimisiún dá aire nach rialú deiridh é ós rud é go raibh sé faoi achomharc. In aon chás, baineann an rialú le hathbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán, agus an fhianaise is gá chun é a thionscnamh. Ní chumhdaítear leis an rialú úsáid Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, a bhaineann le gné d'imscrúdú seachas a *raison d' être*. Thairis sin, fiú de réir na réasúnaíochta in T-126/21, murab ionann agus Airteagal 11(2), níl aon teorainn ar leith in Airteagal 5 maidir leis an uair is féidir le táirgeoirí an Aontais tionscnamh imscrúdaithe a iarraidh. Dá bhrí sin, ní thagann an analach a d'ardaigh Duracell chun cinn. Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaímh Duracell.

1.8. **Sampláil**

(22) In éagmais aon bharúil, deimhníodh aithrisí (8) go (15) den Rialachán sealadach.

1.9. **Scrúdú aonair**

(23) Mar a bheartaítear le haithris (16) den Rialachán sealadach, bhreithnigh an Coimisiún an iarraidh ar scrúdú aonair a dheonú le haghaidh táirgeoir onnmhairiúcháin amháin sa tSín. Bhí an iarraidh ar scrúdú aonair thar a bheith easnamhach. Dá bhrí sin, níor chuir an t-iarrthóir 'an fhaisnéis is gá isteach laistigh de na teorainneacha ama dá bhforáiltear sa [bhun-Rialachán]' de réir bhrí Airteagal 17(3) den Rialachán sin. In aon chás, an fhaisnéis a cuireadh ar fáil, léirigh sí gur cheart imscrúdú a dhéanamh ar roinnt cuideachtaí breise, rud a bheadh 'ualach míchuí ag baint leis agus, castacht an cháis idir lámha á cur san áireamh, chuirfeadh sé bac ar thabhairt i gcrích tráthúil an imscrúdaithe.' ([10]) Dá bhrí sin, diúltaíodh don iarraidh.

1.10. **Freagraí ceistneora agus cuairteanna fíorúcháin**

(24) In éagmais aon bharúil, deimhnítear aithrisí (17) go (21) den Rialachán sealadach.

1.11. **Tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(25) In éagmais aon bharúlacha, deimhnítear aithris (22) den Rialachán sealadach.

2. AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

(26) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí, conclúidí a leagtar amach in aithrisí (23) go (36) den Rialachán sealadach.

3. DUMPÁIL

(27) I ndiaidh nochtadh sealadach, thug CCCMC na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha agus na táirgeoirí comhoibríocha ón Aontas barúlacha maidir leis na torthaí sealadacha dumpála.

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/492 ón gCoimisiún an 1 Aibreán 2020 lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí fabraicí snáithíní gloine fite agus/nó fuaite áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hÉigipte, (IO L 108, 6.4.2020, lch. 1).

([10]) Airteagal 17(3) den bhun-Rialachán.

3.1. **An nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán**

(28) In éagmais aon bharúil, deimhnítear aithrisí (37) go (43) den Rialachán sealadach.

3.2. **Gnáthluach**

3.2.1. *Saobhadh suntasach a bheith ann*

(29) Tar éis an nochta shealadaigh, chuir Daxin, Xiangtan, CCCMC agus GMIA roinnt barúlacha isteach maidir le saobhadh suntasach a bheith ann.

(30) Ar an gcéad dul síos, mhaígh Daxin, CCCMC agus GMIA nach bhfuil an Tuarascáil cothrom le dáta a thuilleadh, go háirithe i bhfianaise na bhforbairtí suntasacha eacnamaíocha san Aontas agus sa tSín ó foilsíodh í, lena n-áirítear fóirdheontais a sholáthar do thionscail an Aontais chun go gcloíonn siad le cuspóirí nua bheartas tionsclaíoch an Aontais nó idirghabháil san infheistíocht chorparáideach agus sa chinnteoireacht. Thairis sin, mhaígh Daxin, CCCMC agus GMIA go gcuireann an Coimisiún tuarascálacha in ionad imscrúduithe agus trí bhrath ar an Tuarascáil, gur lean an Coimisiún air ag argóint ar bhealach ciorclach, ach gur mór d'onnmhaireoirí líomhaintí a dhéantar sa Tuarascáil a bhréagnú. Dá bhrí sin, mheabhraigh Daxin, CCCMC agus GMIA gur ar an údarás imscrúdaithe atá an dualgas cruthúnais.

(31) Diúltaíodh don argóint maidir leis an Tuarascáil a bheith as dáta. Thug an Coimisiún dá aire gur doiciméad cuimsitheach é an Tuarascáil atá bunaithe ar fhianaise fhorleathan oibiachtúil, lena n-áirítear reachtaíocht, rialacháin agus doiciméid bheartais oifigiúla eile arna bhfoilsiú ag údaráis na Síne, tuarascálacha tríú páirtí ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, staidéir acadúla agus ailt le scoláirí, agus foinsí iontaofa neamhspleácha eile. Cé gur cuireadh an Tuarascáil ar fáil go poiblí i mí na Nollag 2017, tá torthaí na Tuarascála fós bailí den chuid is mó agus rinneadh iad a chomhlánú in aon chás le fianaise bhreise a bailíodh san imscrúdú seo, mar a leagtar amach i roinn 3.2.1 den Rialachán sealadach. Thairis sin, bhí neart deiseanna ag aon pháirtí leasmhar chun í a bhréagnú, a fhorlíonadh nó barúil a thabhairt ar an Tuarascáil agus ar an bhfianaise ar a bhfuil sí bunaithe, agus ní dhearna aon pháirtí argóintí ná fianaise a chur isteach a bhréagnódh na foinsí agus an fhaisnéis a áirítear sa Tuarascáil. Maidir leis na hargóintí a bhaineann le beartais thionsclaíochta an Aontais agus le fóirdheontais, thug an Coimisiún dá aire de bhun Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán gur maidir le praghsanna agus costais sa tír is onnmhaireoir a dhéantar anailís ar thionchar a d'fhéadfadh a bheith ag ceann amháin de na heilimintí saofa nó níos mó a liostaítear san fhoráil sin. Níl baint ar bith ag an struchtúr costais ná ag na sásraí praghas-mhúnlaithe i margaí eile, amhail an tAontas, le cinneadh an ghnáthluacha. Dá bhrí sin, diúltaíodh an argóint sin freisin.

(32) Maidir leis an argóint a thug le fios gur cuireadh eisiúint tuarascála tíre in ionad an imscrúdaithe, mheabhraigh an Coimisiún, de réir Airteagal 2(6a)(e) den bhun-Rialachán, má mheasann an Coimisiún gur leormhaith an fhianaise a chuir an gearánach isteach maidir leis an saobhadh suntasach, gur féidir leis imscrúdú a thionscnamh ar an mbonn sin. Mar sin féin, is ag am an nochta shealadaigh agus/nó chinntithigh mar thoradh ar imscrúdú a dhéantar an cinneadh an ann don saobhadh suntasach agus a thionchar sin agus an úsáid ina dhiaidh sin as an modheolaíocht a cheanglaítear le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán. San imscrúdú seo, tá an tuarascáil, an fhianaise istigh ann san áireamh, mar chuid den fhianaise ar taifead a thugann bonn cirt do chur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Mheabhraigh an Coimisiún go bhfuil measúnú iomlán an Choimisiúin maidir le saobhadh suntasach a bheith ann i roinn 3.2.1 den Rialachán sealadach. Bhain an Coimisiún úsáid as fianaise bhreise shuntasach a bhain go sonrach leis an imscrúdú agus leis na héilimh arna gcur chun cinn ag na páirtithe nach bhfuil san áireamh sa tuarascáil seo. Is éard atá tábhachtach maidir le cur i bhfeidhm na modheolaíochta faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán na torthaí go bhfuil an saobhadh suntasach ábhartha sa chás atá idir lámha, mar atá i gceist san imscrúdú seo. ([11]) Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(33) Ar an dara dul síos, d'áitigh Daxin, CCCMC agus GMIA gur léirmhínigh an Coimisiún go mícheart nádúr fhoirceadal an gheilleagair margaidh shóisialaigh atá ag an tSín, nach ndearnadh anailís chuimsitheach ach oiread ar struchtúr gheilleagar na Síne, chomh maith leis an ngaol idir an saormhargadh agus ceannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne. Thacaigh Daxin, CCCMC agus GMIA lena n-argóint trína mhaíomh gur athdhearbhaíodh i d*Tuairim mhí na Bealtaine 2020 ó Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne agus ón gComhairle Stáit maidir le Dlús a chur le Feabhsú Chóras an Gheilleagair Margaidh Shóisialaigh sa Ré Nua, inter alia*, gur cheart go léireofaí leis an athchóiriú ar an

([11]) Féach breithiúnas an 21 Meitheamh 2023, *Guangdong Haomei New Materials agus Guangdong King Metal Light Alloy Technology v an Coimisiún*, T-326/21, EU:T:2023:34,7 mír 104.

ngeilleagar margaidh shóisialaigh urraim mhór do riail ghinearálta an gheilleagair margaidh, go n-íoslaghdófaí leithdháileadh díreach rialtais acmhainní margaidh chomh maith le hidirghabháil dhíreach i ngníomhaíochtaí micreacnamaíocha, go mbainfí leas iomlán as ról cinntitheach an mhargaidh i leithdháileadh acmhainní, agus go gcuirfí feabhas ar ról an rialtais maidir le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar chliseadh an mhargaidh.

(34) B'éigean diúltú don argóint sin. Coincheap an gheilleagair margaidh shóisialaigh, tá a rian ar struchtúr reachtach agus eacnamaíoch iomlán na Síne agus, go héifeachtach, tugtar do Pháirtí Cumannach na Síne ceannaireacht maidir le gach ceist eacnamaíoch ábhartha, lena n-áirítear rialú ar an gcóras airgeadais agus ar acmhainní caipitil, earnálacha an gheilleagair a ainmniú de réir a dtábhachta straitéisí, rialú a dhéanamh ar shaincheisteanna pearsanra lena n-áirítear ceapacháin riachtanacha, beartais gheilleagair a chomhordú trí ghréasán foirmiúil eintitis/choistí an Pháirtí ar fud údaráis an stáit agus an gheilleagair etc. An chonclúid go bhfuil ceannas iomlán ag an bPáirtí/an Stát ar gheilleagar na tíre, mar is léir ní hamháin ón bhfianaise i roinn 3.2.1 den Rialachán sealadach, ach ó na doiciméid bheartais chéanna ina dtagraítear d'urraim d'fhórsaí margaidh agus ina dtugtar tús áite do chuspóirí straitéiseacha Pháirtí Cumannach na Síne rompu, ní féidir an chonclúid sin a athrú bunaithe ar sleachta as comhthéacs ó dhoiciméid bheartais roghnaithe ([12]).

(35) Ar an tríú dul síos, chuir Daxin, CCCMC agus GMIA i gcoinne chinneadh an Choimisiúin go bhfuil geilleagar na Síne faoi réir rialú riaracháin foriomlán trí chóras pleanála tionsclaíche. D'áitigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin nach bhfuil sna pleananna ach treoirlínte agus nach bhfuil aon éifeachtaí ceangailteacha acu ar chuideachtaí Síneacha. Sa chomhthéacs sin, dúirt Daxin, CCCMC agus GMIA go raibh tionscnaimh forbartha laistigh den Aontas Eorpach agus de na Ballstáit freisin atá cosúil le pleananna cúig bliana na Síne, amhail comhghuaillíochtaí tionsclaíocha nua laistigh den Aontas agus cláir fóirdheontais ollmhóra Stáit.

(36) Maidir leis an argóint a bhaineann le nádúr dhoiciméid phleanála na Síne, chuir an Coimisiún in iúl go bhfuil geilleagar na Síne cumhdaithe le gréasán casta pleananna cúig bliana, rud a spreagann na cinntí a dhéanann na húdaráis phoiblí ar gach leibhéal. Murab ionann agus argóint na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, measann an Coimisiún gur doiciméid cheangailteacha iad pleananna cúig bliana. Eascraíonn sé sin ón reachtaíocht is infheidhme dá dtagraítear i roinn 4.3. den Tuarascáil, agus ó na doiciméid phleanála iad féin. Tá roinn thiomnaithe sa 14ú Plean Náisiúnta Cúig Bliana, mar shampla, a bhaineann le feabhas a chur ar an sásra cur chun feidhme pleanála, agus luaitear an méid seo a leanas inti: 'A mhéid a bhaineann leis na táscairí ceangailteacha, tionscadail mhóra innealtóireachta, agus cúraimí i seirbhísí poiblí, cosaint an chomhshaoil, sábháilteacht, agus réimsí eile a leagtar amach sa Phlean seo, is gá soiléiriú a dhéanamh ar fhreagrachtaí na bpáirtithe agus ceanglais a sceidealú, chun acmhainní poiblí a leithdháileadh, acmhainní sóisialta a threorú agus a rialú agus an cur i gcrích a áirithiú mar a sceidealaíodh. A mhéid a bhaineann leis na táscairí agus na cúraimí a bhfuil coinne leo i réimsí na forbartha tionsclaíche agus an choigeartaithe struchtúraigh a leagtar amach sa Phlean seo, is gá muinín a chur i ról na ngníomhaithe ar an margadh go príomha chun iad a bhaint amach. Ní mór do rialtais ar gach leibhéal timpeallacht bheartais, timpeallacht institiúideach agus timpeallacht dhlíthiúil a bheidh fabhrach a chruthú' ([13]).

(37) Maidir leis an tagairt a rinne Daxin, CCCMC agus GMIA do scéimeanna tacaíochta comhchosúla a líomhnaítear a bheith ann san Aontas agus sna Ballstáit, thug an Coimisiún dá aire, mar a luadh cheana féin freisin i roinn 3.2.1 den Rialachán sealadach in aithrisí (47) agus (121), de réir Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán go ndéantar tionchar féideartha ceann nó níos mó de na heilimintí saofa a liostaítear san fhoráil sin a anailísiú maidir le praghsanna agus costais sa tír onnmhairiúcháin, agus nach bhfuil an struchtúr costais ná na sásraí praghasmhúnlaithe i margaí eile ábhartha i gcomhthéacs an nós imeachta seo. ([14]) Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(38) Ar an gceathrú dul síos, d'áitigh Daxin, nach CCMC agus GMIA nach fiontair faoi úinéireacht Stáit iad na táirgeoirí EMD uile agus, fiú má tá roinnt cuideachtaí faoi úinéireacht Stáit nó má rinne an Stát infheistíocht iontu, ní chruthaíonn sé seo idirghabháil rialtais in oibríochtaí na gcuideachtaí sin. Luaigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin freisin, agus iad ag tagairt d'Airteagal 11 de Dhlí Cuideachtaí na Síne, nach gá go mbeadh naisc idir Páirtí Cumannach na Síne agus na cuideachtaí lena mbaineann agus léiriú ar rialú an rialtais ar oibríochtaí cuideachta.

([12]) Féach, mar shampla, Caibidlí 2-3, 8-9, 58-60 den 14ú Plean Cúig Bliana.

([13]) Féach Caibidil 65 den 14ú plean cúig bliana náisiúnta.

([14]) Féach breithiúnas an 21 Meitheamh 2023, *Guangdong Haomei New Materials agus Guangdong King Metal Light Alloy Technology v an Coimisiún*, T-326/21, EU:T:2023:34,7 mír 107.

(39) Mheabhraigh an Coimisiún, de bhun Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, go bhfuil freastal mór ar an margadh á dhéanamh ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht, faoi mhaoirseacht bheartais nó faoi stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir, agus go bhfuil sé sin ar cheann de na gnéithe a bhfuil a dtionchar le cur san áireamh agus measúnú á dhéanamh an ann do shaobhadh suntasach. An tráth céanna, fiú mura bhfuil aon tromlach cuideachtaí faoi úinéireacht stáit in earnáil ar leith, níl úinéireacht stáit ach ar cheann amháin de na táscairí maidir le saobhadh suntasach. D'fhéadfadh idirghabháil rialtais a bheith i bhfoirmeacha eile – i gcomhréir leis na táscairí a liostaítear in Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán – ar tugadh tuairisc orthu i roinn 3.2.1 den Rialachán sealadach. Cé nach bhfuil ábharthacht Airteagal 11 de Dhlí Cuideachtaí na Síne go hiomlán soiléir sa chomhthéacs seo, chuir an Coimisiún in iúl go dtagraíonn Airteagal 1 den Dlí Cuideachtaí sin don chuspóir an t-ord sóisialta agus eacnamaíoch a chosaint agus forbairt an gheilleagair margaidh shóisialaigh a chur chun cinn. Dá bhrí sin, diúltaíodh an argóint sin.

(40) Ar an gcúigiú dul síos, líomhain Daxin, CCCMC agus GMIA gur chuir an Coimisiún fianaise neamhleor ar fáil chun údar a thabhairt le haon torthaí maidir le cur chun feidhme neamhleor dlíthe corparáideacha, maoine agus féimheachta sa tSín. Go háirithe, mhaígh na táirgeoirí onnmhairiúcháin go ndearna an tSín maoirseacht rialta ar chur chun feidhme an Dlí Féimheachta, lena n-áirítear triail cásanna féimheachta agus moltaí maidir le leasuithe, dá bhrí sin ní hé nach ndéantar dlí a chur i bhfeidhm ná a fhorfheidhmiú i gceart. Thairis sin, mhaígh Daxin, CCCMC agus GMIA nár ainmníodh aon chás a chruthódh rochtain laofa ar chaipiteal agus ar infheistíocht. Ar an gcaoi chéanna, chuir Daxin, CCCMC agus GMIA i gcoinne chonclúid an Choimisiúin i ndáil le saobhadh suntasach maidir le pá. D'áitigh siad freisin i ndáil leis sin gur theip ar an gCoimisiún anailís earnáil-sonrach a dhéanamh lena gcruthófaí go gcuirfí oibrithe san earnáil EMD i staid leochaileach fostaíochta agus go bhfaighidís pá saofa.

(41) Níorbh fhéidir glacadh leis na hargóintí sin. Maidir le cur chun feidhme na ndlíthe féimheachta, chuir an Coimisiún in iúl, fiú dá mbeadh athchóirithe áirithe déanta ag an tSín ar na himeachtaí dócmhainneachta, go dtugtar le fios leis an bhfaisnéis atá ar fáil go bhfuil idirghabháil leanúnach ag an stát agus saincheisteanna eile a léiríonn cur i bhfeidhm neamhleor na ndlíthe féimheachta. Cé go léiríonn an líon réasúnta íseal de chásanna dócmhainneachta ann féin nach gceadaítear d'fhórsaí an mhargaidh deireadh a chur leis na hoibreoirí eacnamaíocha neamh-inmharthana, léirítear idirghabháil leanúnach an stáit go háirithe trí ghníomhaíochtaí léirmhínitheacha éagsúla de chuid na Daon-Chúirte Uachtaraí ina leagtar béim ar leanúnachas eacnamaíoch agus ar chobhsaíocht shóisialta mar thosaíochtaí ar cheart do na cúirteanna ar leibhéal níos ísle a chur san áireamh i gcomhthéacs imeachtaí féimheachta.

(42) Maidir le saobhadh pá, mheabhraigh an Coimisiún, mar atá le fáil i roinn 3.2.1 den Rialachán sealadach in aithris (105), go ndéantar an pá sa tSín a shaobhadh inter alia i ngeall ar shrianta ar shoghluaisteacht i ngeall ar an gcóras cláraithe teaghlaigh (*hukou*), mar aon le ganntanas ceardchumann neamhspleách agus easpa cómhargála. Níl aon ghnéithe ar taifead ar ar a mbonn a d'fhéadfaí a shuí go dearfach nach ndearna an saobhadh sin difear do chostais phá intíre táirgeoirí EMD, amhail Daxin, chomh maith leis na táirgeoirí a ndéanann CCCMC nó GMIA ionadaíocht orthu, agus níor thug Daxin chomh maith leis na táirgeoirí a ndéanann CCCMC nó GMIA ionadaíocht orthu aon fhianaise a thaispeáin nach ndéanfadh an saobhadh dá dtagraítear i roinn 3.2.1 den Rialachán sealadach difear dá chostais saothair.

(43) Baineann barúlacha den chineál céanna le córas airgeadais na Síne freisin. Mar a shuitear i roinn 3.2.1 den Rialachán sealadach in aithris (108), tá bainc na Síne á dtreorú ag beartais phoiblí agus rochtain ar mhaoiniú á deonú acu, lena n-áirítear maidir le measúnú riosca iasachtaithe. Ós rud é nár chuir Daxin ná CCCMC/GMIA faisnéis bhreise ar fáil a léirigh nach ndéanfadh an saobhadh a dtugtar tuairisc air i roinn 3.2.1 den Rialachán sealadach difear do rochtain ar chaipiteal ag táirgeoirí EMD, b'éigean diúltú don argóint sin.

(44) Ar an séú dul síos, d'áitigh Daxin, CCCMC agus GMIA nach mór do mhodheolaíocht agus réasúnaíocht imscrúdaithe an Choimisiúin na caighdeáin a leagtar síos leis na prionsabail agus na cleachtais atá criostalaithe in EDT a chomhlíonadh. D'áitigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin gur gá don Choimisiún dualgas cruthúnais níos mó a sheasamh nuair a bhaineann sé le margadh saofa a chinneadh, go háirithe maidir le míniú a thabhairt ar an gcaoi a n-eascraíonn saobhadh iarbhír agus inléirithe ar an gcostas táirgthe as cumhachtaí nó sainordú rialtais.

(45) Diúltaíodh do na hargóintí a rinne Daxin, CCCMC agus GMIA. Measann an Coimisiún go bhfuil an mhodheolaíocht de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán comhsheasmhach go hiomlán le hoibleagáidí EDT an Aontais Eorpaigh agus nár thug na táirgeoirí onnmhairiúcháin bunús leis na prionsabail agus na cleachtais a líomhnaítear nár chomhlíon an Coimisiún iad. In aon chás, tá míniú mionsonraithe i roinn 3.2.1 den Rialachán sealadach ar an gcaoi a ndéanann cineálacha éagsúla saofa – bídís trasearnálach agus tionchar acu ar gheilleagar iomlán na Síne dá bharr sin, nó bídís ann go sonrach san earnáil EMD d'fheidhmiú an mhargaidh, agus dá bhrí sin do chostais táirgthe an táirge faoi imscrúdú.

(46) Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na hargóintí a rinne Daxin, CCCMC agus GMIA.

(47) D'áitigh Xiangtan ar dtús, gur theip ar an gCoimisiún aon mhíniú breise a chur ar fáil fós maidir leis an mbunús dlí beacht chun bunús a thabhairt lena réasúnú i ndáil le comhoiriúnacht Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán le comhaontuithe EDT – lena n-áirítear Prótacal Aontachas na Síne le EDT agus Comhaontú Frithdhumpála ('ADA') EDT – agus le rialuithe an Chomhlachta um Réiteach Díospóidí, go háirithe DS473. Dar le Xiangtan, an t-athdhearbhú amháin a rinne an Coimisiún go bhfuil Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán go hiomlán i gcomhréir le hoibleagáidí an Aontais faoi dhlí EDT, níor rud é a thug aon soiléireacht bhreise maidir leis an tsaincheist. Thairis sin, agus é ag tagairt do DS473, d'áitigh Xiangtan nach raibh an Coimisiún i dteideal a chostais ná a phraghsanna a chur as an áireamh ar bhonn saobhadh suntasach líomhnaithe, ó tharla nach bunús leordhóthanach in aon chás é an saobhadh suntasach, más ann dó, chun teacht ar an gconclúid nach léiriú réasúnta iad taifid an tairgeora ar chostais an amhábhair a bhaineann le táirgeadh agus díol an táirge lena mbaineann. Ar deireadh, mhaígh Xiangtan nach bhfuil údar leordhóthanach tugtha ag an gCoimisiún le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán san imscrúdú seo.

(48) Níor aontaigh an Coimisiún leis sin. I dtaca leis na hargóintí a rinne Xiangtan maidir le neamhoiriúnacht líomhnaithe Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán le dlí EDT, go háirithe forálacha Airteagal 2.2 agus 2.2.1.1 ADA, mar aon leis na torthaí in DS473, d'athdhearbhaigh an Coimisiún an tuairim a chur sé in iúl sa Chéad Nóta go bhfuil Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán go hiomlán i gcomhréir le hoibleagáidí an Aontais faoi dhlí EDT, go háirithe forálacha ADA. Thairis sin, maidir le DS473, mheabhraigh an Coimisiún nár bhain an cás sin le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, ach le foráil shonrach d'Airteagal 2(5) den bhun-Rialachán. Maidir le hargóint Xiangtan faoin dualgas cruthúnais a bheith ar an gCoimisiún, níl bunús leis an maíomh sin. Mheabhraigh an Coimisiún go gceadaítear le dlí EDT, de réir mar a léirmhínigh an Buanchomhlacht Achomhairc é in DS473, sonraí a úsáid ó thríú tír, arna gcoigeartú mar is cuí nuair is gá leis an gcoigeartú sin agus nuair atá bunús leis. Thug an Coimisiún dá aire gur ar leibhéal na tíre a shuitear cé acu atá saobhadh suntasach ann nó nach bhfuil, rud is cúis le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán agus, i gcás ina suitear gur ann dó, go mbeidh sé míchuí úsáid a bhaint as costais agus praghsanna sa tír is onnmhaireoir chun an gnáthluach a ríomh. Sna himthosca sin, déantar foráil le hAirteagal 2(6a) den bhun-Rialachán go ndéantar na costais táirgthe agus díola a ríomh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa, lena n-áirítear na cinn i dtír ionadaíoch iomchuí ina bhfuil leibhéal forbartha mar an gcéanna leis an tír is onnmhaireoir. Thairis sin, foráiltear leis an bhforáil chéanna den bhun-Rialachán, costais intíre a úsáid a shuífear go dearfa le nach ndéanfaidh saobhadh suntasach difear dóibh. San imscrúdú seo, léirigh an Coimisiún gur ann do shaobhadh sa tionscal EMD i roinn 3.2.1. den Rialachán sealadach ach níor suíodh aon chostas intíre a bheith neamhshaofa bunaithe ar fhianaise chruinn agus iomchuí i gcás Xiangtan.

(49) Ar an dara dul síos, mhaígh Xiangtan nach ann d'aon saobhadh suntasach san earnáil EMD sa tSín de bharr an mhéid seo a leanas: (i) cé go bhfuil 40 % de chuideachta Xiangtan faoi úinéireacht an Stáit, ní gá go gciallaíonn úinéireacht an rialtais uirthi go ndéanann an rialtas idirghabháil in oibríochtaí gnó na cuideachta; ní gá go ndéanann an rialtas idirghabháil den sórt sin ach an oiread mar gheall go bhfuil poist i bPáirtí Cumannach na Síne ag Cathaoirleach na cuideachta agus ag an rúnaí don Bhord Stiúrthóirí ag an am céanna, (ii) tá an chuideachta liostaithe go poiblí ar an stocmhalartán agus dá réir sin tá sí faoi réir rialacha rialachais chorparáidigh chomhaimseartha atá margadhthreoraithe agus ceanglais liostaithe stocmhalartáin, (iii) theip ar an gCoimisiún a léiriú gurb é atá mar thoradh ar na hidirghábhálacha cothrománacha a chuirtear i leith Rialtas na Síne go bhfuil saobhadh suntasach ar na tosca táirgeachta agus go ndéanann na hidirghabhálacha sin difear dá dheasca sin do chostas agus do phraghas oibríocht Xiangtan.

(50) Níorbh fhéidir glacadh leis na hargóintí sin. Ar an gcéad dul síos, maidir le hidirghabháil ón Rialtas, mheabhraigh an Coimisiún, de bhun Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, go bhfuil freastal mór ar an margadh á dhéanamh ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht, faoi mhaoirseacht bheartais nó faoi stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir, agus go bhfuil sé sin ar cheann de na gnéithe a bhfuil a dtionchar le cur san áireamh agus measúnú á

dhéanamh an ann do shaobhadh suntasach. An tráth céanna, fiú mura bhfuil aon tromlach cuideachtaí faoi úinéireacht stáit in earnáil ar leith, níl úinéireacht stáit ach ar cheann amháin de na táscairí maidir le saobhadh suntasach. D'fhéadfadh idirghabhálacha rialtais a bheith i bhfoirmeacha eile – i gcomhréir leis na táscairí a liostaítear in Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán – ar tugadh tuairisc orthu i roinn 3.2.1 den Rialachán sealadach. Go háirithe, de réir Airteagal 2(6a)(b), an dara fomhír, is gné amháin atá ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar shaobhadh suntasach a bheith ann i dtír is ea an Stát a bheith i láthair i ngnóthais lena gcumasaítear don Stát cur isteach i leith praghsanna nó costas. Is léiriú soiléir í rannpháirtíocht comhaltaí páirtí i struchtúir bhainistíochta Xiangtan nach bhfuil an chuideachta neamhspleách ón Stát agus gur dócha go bhfuil sí ag gníomhú i gcomhréir le beartas Pháirtí Cumannach na Síne seachas le fórsaí an mhargaidh, gan beann ar cé acu a shocraíonn an Stát go díreach praghsanna na n-earraí a dhíoltar nó ar cé acu a fhéadfaidh na naisc idir an chuideachta agus Páirtí Cumannach na Síne tionchar a imirt ar a costais agus ar a praghsanna ar bhealach níos indírí, amhail trí chóir níos fabhraí agus trí thacaíocht ó na húdaráis.

(51) Ar an dara dul síos, i ndáil leis an líomhain nach ann do shaobhadh suntasach d'ainneoin idirghabhálacha ón stát a bheith ann, níorbh fhéidir glacadh le hargóintí Xiangtan. Níor chuir Xiangtan aon fhaisnéis ar fáil a chaithfeadh amhras ar bharúlacha an Choimisiúin (féach aithrisí (87) go (100) den Rialachán sealadach) maidir leis an EMD a bheith á mheas mar earnáil spreagtha agus é a bheith faoi réir tacaíocht shaobhadh ón Rialtas dá bhrí sin. Baineann an rud céanna leis an saobhadh i ndáil leis na hionchuir atá riachtanach le haghaidh mhonarú an táirge faoi imscrúdú (féach go háirithe aithrisí (83), (85) agus (106) den Rialachán sealadach). Ar an tríú dul síos, maidir le maíomh Xiangtan gur cuideachta faoi úinéireacht phríobháideach faoi rialachas corparáideach comhaimseartha atá ann, thug an Coimisiún tuairisc i roinn 3.2.1 den Rialachán sealadach ar na idirghabhálacha suntasacha ón stát sa tSín a fhágann go ndéantar saobhadh ar leithdháileadh éifeachtach na n-acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh. Bíonn tionchar ag an saobhadh sin ar na hoibreoirí tráchtála gan beann ar an struchtúr úinéireachta nó an socrú bainisteoireachta atá acu.

(52) I bhfianaise an mhéid thuas, diúltaíodh d'argóintí Xiangtan.

3.2.2. *An tír ionadaíoch*

(53) Sa Rialachán sealadach, roghnaigh an Coimisiún an Cholóim chun í a úsáid mar thír ionadaíoch agus d'úsáid sé sonraí airgeadais na cuideachta Quimpac de Colombia le haghaidh an ghnáthluacha ríofa i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán. Leagadh amach na mionsonraí maidir leis an modheolaíocht ar baineadh úsáid aisti don roghnú sa Chéad nóta agus sa Dara nóta a cuireadh ar fáil do na páirtithe sa chomhad oscailte ar an 12 Meitheamh 2023 agus ar an 4 Iúil 2023 faoi seach ('An Chéad Nóta' agus 'An Dara Nóta').

(54) Tar éis fhoilsiú an Rialacháin shealadaigh, d'athdhearbhaigh Xiangtan an maíomh nach tír ionadaíoch iomchuí a bhí sa Cholóim, bunaithe ar na hargóintí céanna a cuireadh i láthair in aithrisí (144) agus (145) den Rialachán sealadach.

(55) Thug an Coimisiún aghaidh ar na maímh sin cheana in aithrisí (147) agus (148) den Rialachán sealadach. Ina theannta sin, níor chuir Xiangtan aon fhaisnéis nua i láthair ná níor mhol sé aon tír ionadaíoch eile. Diúltaíodh, dá bhrí sin, an maíomh.

(56) D'athdhearbhaigh Daxin, CCCMC agus GMIA arís go raibh tionchar ag tosca éagsúla ar phraghas an fhuinnimh sa Cholóim agus go raibh difríocht shuntasach ann fiú i measc tíortha éagsúla a raibh leibhéal forbartha eacnamaíche iontu atá cosúil leis an leibhéal sa tSín. Mar rogha eile, mhaígh CCCMC, GMIA agus Daxin gur cheart don Choimisiún sonraí dílse onnmhaireoirí na Síne a úsáid. Tugadh aghaidh ar an maíomh sin cheana in aithrisí (151) agus (152) den Rialachán sealadach agus diúltaíodh dó.

3.2.3. *Foinsí a úsáideadh chun costais neamhshaofa le haghaidh tosca táirgeachta a shuí.*

Mian mhangainéise

(57) Mhaígh Xiangtan gur cheart don Choimisiún costas iarbhír na méine mangainéise a ndéantar mianadóireacht uirthi go hintíre agus na méine mangainéise a allmhairítear a úsáid seachas na praghsanna tagarmhairc a chur i bhfeidhm. Chun tacú leis an maíomh sin, luaigh Xiangtan an cion mangainéise níos ísle sna mianta a ndéantar mianadóireacht orthu go háitiúil, rud a líomhnaítear a fhágann nach ndéanann an saobhadh difear do na mianta áitiúla sin. Maidir le mianta allmhairithe, mhaígh Xiangtan nár cheart an tagarmharc a chur i bhfeidhm ós rud é go raibh an cion mangainéise, na tuarascálacha cigireachta agus an fhaisnéis faoin tionscnamh le fáil.

(58) Dhiúltaigh an Coimisiún don dá mhaíomh sin. Níor mhínigh Xiangtan cén chaoi nach mbeadh feidhm ag an saobhadh freisin maidir leis na mianta mangainéise intíre a bhfuil cion níos ísle iontu, a úsáidtear in éineacht leis na mianta allmhairithe a bhfuil cion níos airde iontu sa phróiseas táirgthe EMD.

(59) An fáth gur chuir an Coimisiún tagarmharcanna i bhfeidhm maidir leis na mianta allmhairithe ná nár chuir aon cheann de na táirgeoirí fianaise chruinn agus iomchuí ar fáil a léirigh an easpa saofa. Bhí sé sin amhlaidh go príomha mar gheall go ndearnadh na ceannacháin méine uile trí idirghabhálaí ón tSín, cé acu a bhí siad suite sa tSín nó in áit éigin eile.

(60) D'athdhearbhaigh Xiangtan an maíomh nárbh iomchuí an mhodheolaíocht a úsáideadh chun an tagarmharc don mhian mhangainéise a d'úsáid an Coimisiún a ríomh, agus mhol sé arís go n-úsáidfí ceann den dá mhodheolaíocht mhalartacha a chuir sé isteach ina bharúlacha maidir leis an Dara nóta FOP. Bhí an Coimisiún tar éis aghaidh a thabhairt ar an éileamh sin cheana in aithrisí (170) agus (171) den Rialachán sealadach. Níor thug Xiangtan aon fhíorais nó réasúnaíocht nua ná aon mhodheolaíocht mhalartach inmharthana maidir le conas aon difríocht sa phraghas a eascraíonn as an tiúchan difriúil mangainéise sa mhian a shuí.

(61) Mhaígh Daxin, CCCMC agus GMIA arís go ndearna an tagarmharc a ghlac an Coimisiún tagairt do mhian ina raibh tiúchan mangainéise a bhí níos airde go suntasach i gcomparáid leis an mian mhangainéise a fhaightear go háitiúil agus gur cheart dó an tagarmharc a choigeartú chun costais onnmhaireoirí na Síne a chur san áireamh.

(62) Rinne an Coimisiún anailís chuimsitheach ar na foinsí uile a chuir na páirtithe leasmhara ar fáil, lena n-áirítear na sonraí ó na hardáin Shíneacha Asian Metal agus ferroalloynet.com. Taispeánadh leis an anailís sin nárbh fhéidir aon difríocht chomhsheasmhach sa phraghas a shuí bunaithe ar an gcion mangainéise. Os a choinne sin, léirigh sonraí ó fastmarkets.com gur léirigh dhá tiúchan méine 37 % agus 44 % difríochtaí praghsanna neamhréireacha, mar i roinnt míonna bhí an praghas aonaid tona don tiúchan níos airde fiú níos ísle ná mar a bhí i gcás na tiúchana níos ísle. B'amhlaidh an cás le sonraí Asian Metal, a léirigh go raibh an praghas aonaid tona ar mhian le tiúchan 13 % níos airde i míonna áirithe ná mar a bhí i gcás méine le tiúchan 37 %. Leis na torthaí sin, taispeánadh go soiléir an easpa d'aon chomhghaol comhsheasmhach idir cion mangainéise agus praghsáil. Dá bhrí sin, deimhníodh an tagarmharc sealadach do mhian mhangainéise agus diúltaíodh don mhaíomh.

(63) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh Xiangtan a dhá mhaíomh maidir le mian mangainéise. Ar an gcéad dul síos, mhaígh siad gur cheart costas iarbhír méine mangainéise féinmhianaithe a úsáid in ionad an phraghais tagarmhairc. Ar an dara dul síos, d'athdhearbhaigh siad go ndearna an Coimisiún praghsanna tagarmhairc na méine mangainéise a ríomh go mícheart.

(64) Maidir leis an gcéad mhaíomh, mhínigh an Coimisiún cheana féin sa Rialachán sealadach na cúiseanna a chuir sé na tagarmharcanna in ionad chostas iarbhír na méine mangainéise sa tSín. In éagmais aon fhíorais nua, diúltaíodh don mhaíomh sin dá bhrí sin.

(65) Sa dara maíomh maidir leis an tagarmharc méine mangainéise, d'áitigh Xiangtan go bhfuil patrún comhsheasmhach ann maidir leis an difríocht praghsanna in aghaidh an aonaid mhéadraigh idir na tagarmharcanna i gcás tiúchan méine níos airde agus tiúchan níos ísle, gan aon sonraí ná fianaise a sholáthar maidir leis an méid a líomhnaítear a bheadh comhsheasmhach leis an difríocht praghsanna sin, ná maidir leis an gcaoi a mbeadh an difríocht praghsanna sin infheidhme maidir leis na mianta mangainéise tiúchana eile (níos ísle) a úsáideann táirgeoirí na Síne. Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(66) Mhol Xiangtan freisin, an chaoi ar chuir an Coimisiún i láthair go raibh an praghas aonaid tona don mhian tiúchana níos airde, i gcásanna áirithe, níos ísle ná an praghas don mhian tiúchana níos ísle, go raibh anchaoi sin mícheart go fíorasach. D'easaontaigh an Coimisiún leis an maíomh sin, ós rud é, mar shampla, le linn mhí na Bealtaine 2020 ar fad beagnach, go raibh praghas aonaid USD in aghaidh an tona mhéadraigh le haghaidh MB-MNO-0003 37 % CAL Tianjin níos airde ná praghas aonaid le haghaidh MB-MNO-0001 44 % CIF Tianjin. ([15]) Mar a míníodh cheana in aithris (62), níl aon difríocht chomhsheasmhach sa phraghas idir praghas méine mangainéise agus a tiúchan mangainéise. In aon chás, fiú i gcás ina n-aimseofaí difríocht chomhsheasmhach, níorbh fhéidir an difríocht idir an tiúchan 37 % agus 44 % a chur i bhfeidhm ar mhianta áitiúla na Síne a bhfuil tiúchan i bhfad níos ísle acu agus nach

([15]) Níor lig téarmaí úsáide bhunachar sonraí Fastmarkets.com don Choimisiún sleachta sonraí míosúla nó seachtainiúla a thaispeáint do pháirtithe leasmhara i gcás ina raibh an difríocht sin sna praghsanna le feiceáil. Tá an deis ag na páirtithe freisin cruinneas shonraí an Choimisiúin a sheiceáil trí rochtain ar an mbunachar sonraí sin a cheannach iad féin.

raibh aon tagarmharc ar fáil ina leith. Dá bhrí sin, dheimhnigh an Coimisiún an cur chuige maidir le tagarmharc mangainéise a ríomh agus dhiúltaigh sé don mhaíomh sin. Shainaithin Xiangtan earráid chléireachais san fhoirmle a úsáideadh maidir le ríomh an phraghais i gcás ceann de na mianta mangainéise a úsáideadh. An tiúchan mangainéise sa mhian a cuireadh i bhfeidhm maidir leis an bpraghas tagarmhairc, bhí sí mícheart. Ghlac an Coimisiún leis an maíomh sin agus cheartaigh sé an earráid sin.

(67) Mhaígh Xiangtan gur cuireadh i bhfeidhm go mícheart fachtóir coigeartaithe an Choimisiúin a úsáideadh maidir leis an gcion mangainéise le fiús 2+. Ghlac an Coimisiún leis an maíomh agus cheartaigh sé an coigeartú sin.

(68) Chuir Xiangtan i gcoinne an choigeartaithe a chuir an Coimisiún i bhfeidhm maidir le cineál amháin de phúdar mangainéise. Ghlac an Coimisiún leis an maíomh sin agus cheartaigh sé méid an choigeartaithe.

Amhábhair eile agus tomhaltáin

(69) D'áitigh Tosoh gur cheart don Choimisiún an Mhalaeisia a úsáid seachas an Tuirc mar fhoinse praghsanna allmhairiúcháin do na cúig thoisc táirgeachta seachas mian mhangainéise mar gheall go raibh praghsanna allmhairiúcháin táirgí guail isteach sa Tuirc thar a bheith íseal le linn an imscrúdaithe de bharr allmhairí substaintiúla ón Rúis. Bhí an Coimisiún tar éis aghaidh a thabhairt ar an maíomh sin cheana in aithris (143) den Rialachán sealadach agus roghnaigh sé an Bhrasaíl chun an costas neamhshaofa ar ghual biotúmanach agus ar ghual antraicíte a shuí.

(70) D'iarr Autlan ar an gCoimisiún go n-úsáidfí sonraí praghais allmhairiúcháin na Malaeisia chun tagarmharcanna neamhshaofa a ríomh do na cúig ionchur. Thug an Coimisiún dá aire maidir le ceann amháin de na cúig thoisc táirgeachta, gual ligníte, agus sin amháin, go raibh na meánmhéideanna comhiomlána allmhairí níos airde ná mar a bhí siad sa Tuirc nó sa Bhrasaíl, agus dá bhrí sin nach raibh údar leis an Malaeisia a roghnú. Diúltaíodh don mhaíomh.

(71) Chuir Xiangtan i gcoinne an mhodha a úsáideadh chun na praghsanna ar dhá chineál guail a chinneadh. Thathantaigh sé ar an gCoimisiún staitisticí onnmhairiúcháin na Colóime maidir le gual biotúmanach a úsáid. Agus a argóint á forbairt aige, rinne Xiangtan tuairimíocht go bhféadfadh an soláthar flúirseach sa tír a bheith ina chúis leis an líon íseal allmhairí isteach sa Cholóim. Thathantaigh sé ar an gCoimisiún freisin úsáid a bhaint as na staitisticí allmhairiúcháin chun na Tuirce gan na hallmhairí ón Rúis a eisiamh ar an mbonn gur léirigh an Coimisiún go neamh-leordhóthanach gurbh ann d'aon saobhadh sa Rúis a bheadh mar chúis leis na praghsanna a bhí thar a bheith íseal agus thug samplaí de roinnt táirgí a allmhairíodh ó roinnt tíortha ar phraghsanna níos ísle ná mar a allmhairíodh ón Rúis.

(72) Mhínigh an Coimisiún an cur chuige a glacadh in aithrisí (142) agus (143) den Rialachán sealadach. Agus na tagarmharcanna á mbunú aige, ní bhraitheann an Coimisiún ar na praghsanna onnmhairiúcháin ós rud é nach bhfuil siad, de réir sainmhíniú, chomh iontaofa céanna leis na staitisticí allmhairiúcháin. Is é sin an dearcadh a nglactar go ginearálta leis, bunaithe ar chúiseanna éagsúla amhail go mbíonn níos mó acmhainní agus modhanna ag údaráis chustaim, de ghnáth, chun measúnú a dhéanamh ar na sonraí allmhairiúcháin i gcomparáid leis na sonraí onnmhairiúcháin, agus chun iad a rialú. Bíonn an doiciméadacht allmhairiúcháin a éilítear níos cuimsithí, de ghnáth, agus bíonn earraí faoi réir seiceálacha agus fíorú custaim tráth an allmhairithe. Déantar na sonraí onnmhairiúcháin a thuairisciú mar SAB (i gcomparáid le CAL ar allmhairí) freisin, de ghnáth, agus úsáideann an Coimisiún é sin mar leibhéal ionadaíoch le húsáid mar thagarmharc. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh seo.

(73) Tar éis an nochta dheiridh, d'athdhearbhaigh Xiangtan an maíomh a rinneadh ag an gcéim shealadach gur cheart don Choimisiún staidreamh onnmhairiúcháin na Colóime a úsáid chun praghas tagarmhairc an ghuail bhiotúmanaigh a bhunú. Níor cuireadh aon argóintí nua ar fáil. Mhínigh an Coimisiún cheana féin cén fáth ar mheas sé go raibh praghsanna allmhairiúcháin níos iontaofa ná praghsanna onnmhairiúcháin san aithris roimhe seo agus dá bhrí sin dhiúltaigh sé don mhaíomh.

(74) Maidir leis an saobhadh sa Rúis, thug an Coimisiún dá aire, maidir leis an bhfianaise inar taifeadadh go raibh táirgeoirí guail na Rúise ag díol ar ghéarlascaine i ndiaidh smachtbhannaí an Aontais ar allmhairí a tháinig i bhfeidhm i mí Lúnasa 2022, go raibh sí le fáil sa chomhad oscailte agus nár chuir Xiangtan ina coinne. Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin dá bhrí sin agus dhearbhaigh sé an modh a bhí aige chun na praghsanna guail a chinneadh.

(75) D'iarr Guiliu ar an gCoimisiún an Cód CC le haghaidh ceann dá dtosca táirgeachta a mhodhnú, ó Chód CC 2701 12 (Gual biotúmanach) go Cód CC 2702 10 (Ligníte) agus chun an tagarmharc a mhodhnú dá réir sin. D'áitigh Guiliu, de réir ainmníocht an Chórais Chomhchuibhithe, go ndearna an Cód CC 2701 12 dá dtagraítear do ghual biotúmanach, nach mór luach calrach níos mó ná 5 833 kcal/kg nó cothrom leis a bheith aige, ach go raibh an gual a d'úsáid siad faoin teorainn sin. Chun tacú lena n-iarraidh, chuir Guiliu torthaí tástálacha do bhaisceanna guail ar fáil a thaispeáin luach calrach faoin teorainn a thugtar thuas. Ba iad Guiliu a chuir an t-aicmiú faoi Chód CC 2701 12 ar fáil ina bhfreagraí ceistneora agus níor ceistíodh é le linn an phróisis fíorúcháin. Mheas an Coimisiún nach raibh an iarraidh inghlactha ós rud é nár cuireadh isteach í ach tar éis bearta sealadacha, agus nach raibh an Coimisiún in ann an fhianaise nua a cuireadh isteach a fhíorú maidir le luach calrach an ghuail a líomhnaítear a úsáideann Guiliu.

(76) Sa Chéad agus sa Dara Nóta agus sa Rialachán sealadach, léiríodh ceann de na tosca táirgeachta, an iarnphirít, faoin gCód CC 2601 11. I ndiaidh tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh, fuair an Coimisiún amach gur iarnphirít neamhrósta ab ea an iarnphirít a d'úsáid na táirgeoirí onnmhairiúcháin, agus gur cheart í a aicmiú faoi chód difriúil, Cód CC 2502 00. Fuair an Coimisiún deimhniú ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin faoin gcineál amhábhair a úsáideadh, cibé acu iarnphirít rósta nó neamhrósta, agus faoin gcód aicmithe a bhí le húsáid. Dá dheasca sin, mhodhnaigh an Coimisiún an tagarmharc chun an praghas neamhshaofa ar iarnphirít a shuí. De bharr nach raibh cainníochtaí ionadaíocha d'allmhairí piríte ag ceann ar bith de na tíortha a úsáidtear le haghaidh tosca eile sa chás seo, is iad sin an Cholóim, an Tuirc agus an Bhrasaíl (bíonn an líon iomlán allmhairí chuig na tíortha sin idir 0 go 3 % de thomhaltas piríte tháirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte na Síne), chuardaigh an Coimisiún tír mhalartach ar an liosta tíortha ag a bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil le leibhéal na Síne agus tháinig sé ar an gconclúid gur foinse malartach iomchuí í an Téalainn do phraghsanna allmhairiúcháin ar phirít neamhrósta ós rud é go raibh na cainníochtaí allmhairiúcháin níos airde go suntasach (23 % de thomhaltas iomlán piríte tháirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte na Síne a bhí ann).

(77) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Xiangtan gur cheart don Choimisiún brath ar phraghas onnmhairiúcháin na Tuirce le haghaidh na piríte neamhrósta chun an tagarmharc a bhunú, ós rud é gurb é an Tuirc an tír onnmhairithe is mó don amhábhar sin. Dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh ar na cúiseanna a mhínítear in aithris (72) den Rialachán seo.

(78) D'áitigh Daxin go mbeadh sé ar neamhréir le cleachtas roimhe sin an tagarmharc do ghal a shuí trí úsáid a bhaint as na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte eile agus gur cheart don Choimisiún an tagarmharc d'uisce a úsáid. Mheas an Coimisiún nach mbeadh sé iomchuí an tagarmharc d'uisce a úsáid, ós rud é go raibh gá le tosca eile a raibh tionchar i bhfad níos mó acu ar an bpraghas deiridh, amhail costais saothair agus fuinnimh, chun gal a tháirgeadh. Ríomh an Coimisiún meántomhaltas na n-ionchur a d'úsáid na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte a tháirgeann gal go hinmheánach agus chuir sé tagarmharcanna i bhfeidhm maidir le meántomhaltas gach ionchuir chun praghas an ghail a chinneadh. Níor chuir Daxin aon mhodheolaíocht mhalartach i láthair chun praghas an ghail a ríomh agus diúltaíodh don mhaíomh dá bhrí sin.

(79) Mhaígh Daxin freisin nach raibh údar le cinneadh an Choimisiúin chun úsáid a bhaint as costas meilte/muilleáilte táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte eile chun an tagarmharc do mhian mhangainéise a choigeartú, de bharr go raibh an costas míréasúnach ard. Níor chuir Daxin aon fhianaise ar fáil chun tacú leis an maíomh sin, ná níor mhol siad malairt rogha. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

Leictreachas

(80) Chuir Xiangtan i gcoinne chinneadh an Choimisiúin maidir leis an bhfoinse sonraí chun an tagarmharc do leictreachas a chinneadh a athrú ó ENEL S.A., a moladh sa Chéad agus sa Dara nóta ar dtús, go dtí EMCALI, an soláthróir fuinnimh i réigiún Cali, áit a bhfuil an chuideachta Quimpac suite. Ar dtús, d'áitigh siad go raibh láthair Quimpac neamhábhartha ós rud é nach táirgeoir EMD a bhí ann. Ansin, d'áitigh siad nach raibh taraif atá infheidhme maidir le húsáid thionsclaíoch san áireamh i dtaraifí EMCALI. Dhiúltaigh an Coimisiún don dá argóint sin. Roghnaíodh Quimpac mar chuideachta tagarmhairc mar gheall go n-úsáideann sí an próiseas leictrealaithe céanna agus a úsáideann táirgeoir EMD, rud a fhágann gur ionadaí oiriúnach í chun struchtúr costais tairgeora EMD a thuiscint i dtéarmaí soláthar fuinneamh. Maidir leis na taraifí fuinnimh a chuirtear i bhfeidhm, tá feidhm ag na praghsanna a fhoilsítear ar phraghasliosta EMCALI agus a bhfuil rochtain ag na páirtithe leasmhara uile orthu, maidir le húsáideoirí tráchtála agus tionsclaíocha araon. Tugtar tuilleadh tacaíochta don chur chuige sin trí leibhéil

voltais fhíorarda a úsáid (catagóir 3) atá taobh amuigh de raon feidhme gníomhaíochtaí cónaithe tipiciúla nó gnáth-ghníomhaíochtaí tráchtála agus a léiríonn tomhaltas leictreachais tionsclaíoch substaintiúil. Tá cinneadh an Choimisiúin chun an chatagóir leibhéil voltais is airde atá le fáil a chur i bhfeidhm bunaithe ar an réasúnaíocht go bhfónann sí mar ionadaíocht chruinn ar úsáideoir tionsclaíoch a úsáideann méideanna móra leictreachais ina phróisis táirgthe.

Forchostais mhonaraíochta, costais SGA agus brabúis

(81) Chuir Xiangtan i gcoinne úsáid a bhaint as costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus brabús Quimpac de Colombia chun an gnáthluach a ríomh, ar thrí fhoras. Ar an gcéad dul síos, mhaígh sé nár chuir toradh airgeadais Quimpac athróg ionadach mhaith ar fáil do tháirgeadh EMD. Ar an dara dul síos, líomhain sé go raibh an leibhéal brabúis níos airde ná mar a d'fhéadfadh táirgeoir EMD a bhaint amach de ghnáth agus mhol sé brabúis táirgeoirí de chuid an Aontais nó Tosoh na Seapáine a úsáid. Ar an tríú dul síos, mhaígh sé nach raibh aon mhionsonraí airgeadais le fáil don chuideachta agus dá bhrí sin nach féidir na míreanna amhail costais lastais, costais phacála, costais eile nó costais T&F a sheiceáil agus dá bhrí sin nach féidir a áirithiú nach ndéantar comhaireamh dúbailte agus an chomparáid phraghais á déanamh.

(82) Dhiúltaigh an Coimisiún do na hargóintí a cuireadh i láthair ar na cúiseanna seo a leanas. Ar an gcéad dul síos, theip ar Xiangtan a thaispeáint cén fáth nach mbeadh na táirgí a tháirgeann Quimpac (táirgí sóide clóirín) ina dtáirgí ionadacha maithe do na táirgeoirí EMD. Ní cheistíonn Xiangtan go n-úsáideann Quimpac sócmhainní seasta inchomparáide (saoráid Leictrealaithe) agus go n-ídíonn sé méid ard leictreachais. Ar an dara dul síos, tugadh tuairisc chuí sa Rialachán sealadach (roinn 3.2.2.4) ar an réasúnaíocht maidir le Quimpac a roghnú agus ar an bpróiseas. Dá bhrí sin, ní fhéadfaidh an Coimisiún torthaí airgeadais thionscal an Aontais agus chuideachta na Seapáine a úsáid chun an gnáthluach a ríomh, ná chun é a thagarmharcáil le torthaí airgeadais na gcuideachtaí roghnaithe. Ar an tríú dul síos, d'ainneoin na dteorainneacha a ghabhann leis na sonraí atá le fáil le haghaidh Quimpac, measann an Coimisiún, in éagmais aon ráiteas airgeadais níos mionsonraithe, go dtugann na sonraí sin léiriú cruinn ar chostais díola, ghinearálta agus riaracháin agus ar bhrabús na cuideachta. Ar deireadh, níor sholáthair Xiangtan aon rogha eile. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

3.2.4. *Barúlacha eile*

(83) D'áitigh Xiangtan, Daxin, CCCMC agus GMIA gur cheart an corrlach dumpála a ríomh trí úsáid a bhaint as an bpraghas díolacháin onnmhairí agus an gnáthluach gan CBL. Léirigh an t-imscrúdú, ar bhonn bheartas aisíocaíochta onnmhairiúcháin CBL na Síne, nach raibh táirgeoirí onnmhairiúcháin a onnmhairíonn EMD incháilithe don aisíocaíocht CBL. Thug sé sin le tuiscint gur thabhaigh táirgeoirí EMD costas breise agus iad ag onnmhairiú. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún coigeartú ar an ngnáthluach, de bhun Airteagal 2(10)(b) den bhun-Rialachán, chun léiriú a thabhairt ar an gcostas iomlán a tabhaíodh de thoradh na scéime CBL a glacadh.

(84) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh Daxin an maíomh a rinneadh ag an gcéim shealadach nach raibh aon ghá le haon choigeartú CBL a dhéanamh ar an ngnáthluach toisc go ndearna Daxin díolacháin onnmhairiúcháin chuig an Aontas trí thrádálaithe intíre agus, dá bhrí sin, níor thabhaigh sé aon chostas breise agus é ag onnmhairiú. Thug an Coimisiún dá aire, chun foráil Airteagal 2(10)(b) a chur i bhfeidhm, gur cuma cé acu a d'onnmhairigh Daxin go díreach chuig an Aontas nó trí thrádálaí atá lonnaithe sa tSín. Bhí údar fós leis an gcoigeartú ar an ngnáthluach de réir Airteagal 2(10)(b) bunaithe ar neamh-infheidhmeacht na haisíocaíochta CBL ar dhíolacháin onnmhairiúcháin EMD. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh. Níor aontaigh Xiangtan leis an modheolaíocht a chuir an Coimisiún i bhfeidhm chun costas tomhaltán agus forchostas monaraíochta mar chuid de chostas amhábhar agus costas díreach, faoi seach, a eachtarshuí. Tugadh an bharúil chéanna a mhéid a bhaineann le costas iompair mar chéatadán de chostas amhábhar a eachtarshuí. Dhearbhaigh Xiangtan gur mhíreanna costais neamhspleácha a bhí iontu, nach raibh nasctha ar bhealach ar bith le luach na n-ionchur, agus gur cheart don Choimisiún tagarmharcanna cearta a shainaithint ar leithligh ó ionchuir eile nó costas iarbhír na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a úsáid.

(85) Thug an Coimisiún dá aire, nuair a suíodh gur ann do shaobhadh suntasach i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, nach mbeadh sé iomchuí costais iarbhír a úsáid, ach amháin i gcás ina suífí nach raibh siad saofa ar bhonn fianaise chruinn agus iomchuí. Níorbh amhlaidh an cás, mar níor cuireadh fianaise den sórt sin isteach. Ós rud é gur mheas an Coimisiún go raibh siad saofa, b'éigean tagarmharcanna iomchuí a aimsiú. I gcás nach féidir tagarmharcanna iomchuí a aimsiú le haghaidh costais, féadfaidh an Coimisiún iad a shuí mar chóimheas leis an ngrúpa costais lena mbaineann siad (costas na n-amhábhar ar fad nó na costais mhonaraíochta). A luaithe a shuífear costais neamhshaofa na n-amhábhar nó na gcostas monaraíochta, cuirfidh an Coimisiún an tagarmharc i bhfeidhm chun meastachán a dhéanamh ar an gcostas neamhshaofa atá i gceist, agus ar an gcaoi sin caomhnóidh sé struchtúr costais an táirgeora onnmhairiúcháin. Níor sholáthair Xiangtan rogha níos réasúnta ná an modh seo.

(86) Mhaígh Xiangtan gur úsáid an Coimisiún, chun an corrlach dumpála a ríomh, tábla COM PCN bunaithe ar mheán bliantúil, seachas an tábla COM PCN a cuireadh isteach ar dtús a úsáid, is é sin tábla bunaithe ar thaifid cuntasaíochta costála mhíosúla, gan an fáth lena chinneadh a mhíniú. I dtuairim Xiangtan, níor chomhlíon sé sin Airteagal 2(5) den bhun-Rialachán, trínar cheart costais a ríomh ar bhonn taifead a choinníonn an páirtí faoi imscrúdú de ghnáth. Ós rud é go n-úsáideann an Coimisiún meán-ghnáthluach in aghaidh na bliana ina imscrúduithe, mheas sé gurbh iomchuí costais arna nginiúint in aghaidh na bliana a úsáid, lena gcuirfí ar a chumas dó fíorú díreach a dhéanamh in aghaidh ráiteas airgeadais na cuideachta, a ndéantar iniúchadh orthu gach bliain, rud a chuireann feabhas ar iontaofacht agus ar thrédhearcacht na sonraí arna n-úsáid. Thairis sin, ríomhadh an meánluach bliantúil bunaithe ar na taifid a choimeád Xiangtan agus dá bhrí sin níor sáraíodh Airteagal 2(5). Chaith an Coimisiún an t-éileamh seo amach dá bhrí sin.

(87) D'iarr Autlan ar an gCoimisiún gníomhaíochtaí iomchuí a ghlacadh ina chinneadh deiridh maidir le táirgeoir EMD faoi úinéireacht an South Manganese Group, an grúpa céanna a raibh Daxin ina chuid de, chun cainéalú cuideachta féideartha a chosc. Thug an Coimisiún dá aire nach liostaítear ach táirgeoirí a d'onnmhairigh le linn na tréimhse imscrúdúcháin sa chuid oibríochtúil den rialachán seo, más rud é gur chuir siad iad féin in iúl le linn an imscrúdaithe. Níor onnmhairigh an chuideachta atá i gceist chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus, dá bhrí sin, ní féidir í a liostú sa rialachán. Dá bhrí sin, diúltaíodh don iarraidh.

3.3. **An praghas onnmhairiúcháin**

(88) Níor aontaigh Xiangtan leis an modh a d'úsáid an Coimisiún chun an costas lastais aigéin a cheartú, ar costas é a úsáideadh chun an luach CAL a ríomh. D'úsáid an Coimisiún rátaí ó 5 mhí inar íoc Xiangtan costas lastais le haghaidh díolachán DAP agus CAL agus luachana ó onnmhaireoirí sampláilte eile le haghaidh na 7 mí eile. Ansin, ríomh an Coimisiún meánráta bliantúil chun luach CAL díolacháin nach raibh aon lastas aigéin i gceist leo a chomhdhéanamh. Mhaígh Xiangtan nárbh iomchuí úsáid a bhaint as an meán bliantúil de rátaí lastais aigéin mar gheall nár cuireadh san áireamh ann an luaineacht shuntasach i lastas aigéin in 2022, a raibh tionchar suntasach aici ar an luach CAL ó mhí go mí. Ghlac an Coimisiún leis an maíomh agus chuir sé rátaí lastais aigéin míosúla i bhfeidhm agus an luach CAL á ríomh aige.

(89) Mhaígh Xiangtan freisin gur ríomh an Coimisiún an t-árachas aigéin bunaithe ar chéatadán de luach an tsonraisc nuair ba cheart dó é a ríomh bunaithe ar an gcostas árachais iarbhír a d'íoc an chuideachta le linn an imscrúdaithe. Ghlac an Coimisiún leis an sin maíomh agus cheartaigh sé an ríomh dá réir.

(90) Tar éis an nochta deiridh, thug Xiangtan faoi deara gur chuir an Coimisiún foirmle mhícheart i bhfeidhm sa ríomh, agus é ag glacadh leis an bpréimh árachais aigéin a ríomh bunaithe ar an gcostas árachais iarbhír a d'íoc an chuideachta, toisc nár ionchorpraigh sé an raon difríochta tipiciúil 1.1 a úsáideann cuideachtaí árachais chun an táille árachais aigéin a chinneadh. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach ndéanfadh cur chun feidhme an cheartúcháin neamhábhartha sin difear don díobháil ná don chorrlach dumpála. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(91) Tar éis na bearta sealadacha a fhoilsiú, chuir Daxin faisnéis bhreise isteach maidir le praghsanna onnmhairiúcháin an trádálaí neamh-chomhlachaithe a bhí ag díol EMD lena gcustaiméir de chuid an Aontais agus d'iarr sé ar an gCoimisiún úsáid a bhaint as na sonraí onnmhairiúcháin sin chun an praghas CAL ag teorainn an Aontais a ríomh.

(92) D'fhreagair Autlan don cheistneoir a chuir trádálaí neamh-chomhlachaithe Daxin isteach agus mhaígh sé go bhfuarthas é roinnt míonna i ndiaidh an sprioc-ama a leagtar amach i roinn 5.3 den Fhógra Tionscnaimh.

(93) D'fhreagair Daxin go bhféadfadh páirtithe leasmhara, de réir an Fhógra Tionscnaimh, faisnéis fhíorasach nua a chur isteach roimh an sprioc-am chun barúil a thabhairt ar nochtadh na dtorthaí sealadacha agus dá bhrí sin gur mheas sé go raibh an fhianaise nua sin inghlactha.

(94) Thug an Coimisiún dá aire nár chomhoibrigh an trádálaí neamh-chomhlachaithe san imscrúdú agus dá bhrí sin nach raibh an Coimisiún in ann aon chuid dá shonraí a fhíorú laistigh de theorainn ama an imscrúdaithe. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(95) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh Daxin a mhaíomh a rinneadh ag an gcéim shealadach gur cheart don Choimisiún úsáid a bhaint as praghas onnmhairiúcháin an trádálaí neamh-chomhlachaithe chun an corrlach díobhála a ríomh gan aon argóint bhreise a chur in iúl. Diúltaíodh don mhaíomh ar na cúiseanna a mhínítear in aithris (94) thuas.

3.4. **Comparáid**

(96) D'áitigh Autlan go bhfuil úsáid á baint ag táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne as dumpáil spriocdhírithe agus d'iarr sé ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar an ábhar sin. Rinne an Coimisiún anailís ar an gcás agus tháinig sé ar an gconclúid nach bhfuil aon fhianaise ar dhumpáil spriocdhírithe sa chomhad. Bhí an t-athrú ar phraghsanna i gcaitheamh na tréimhse imscrúdaithe i gcomhréir leis an bhforbairt ar an margadh agus leis na gluaiseachtaí i bpraghsanna amhábhar agus i bpraghsanna. Níor thaispeáin an anailís ar dhíolacháin táirgeoirí onnmhairiúcháin áirithe chuig na réigiúin éagsúla aon difríochtaí suntasacha sna praghsanna ach oiread agus, dá bhrí sin, níor léiríodh aon chleachtas maidir le dumpáil spriocdhírithe. Diúltaíodh, dá bhrí sin, an maíomh.

3.5. **Corrlaigh dhumpála**

(97) Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar na corrlaigh dhumpála tar éis maímh a fháil ó pháirtithe leasmhara mar a thuairiscítear thuas.

(98) Seo a leanas na corrlaigh dhumpála chinntitheacha arna sloinneadh ina gcéatadáin den chostas, árachais agus last-táille (CIF) ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála cinntitheach
Xiangtan	47,2 %
Guiliu	62,9 %
Daxin	18,3 %
Cuideachtaí comhoibríocha eile	47,4 %
Gach cuideachta eile	100,9 %

4. **DÍOBHÁIL**

4.1. **Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(99) In éagmais barúlacha maidir le cinneadh thionscal an Aontais agus tháirgeadh an Aontais, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí mar a leagtar amach in aithrisí (204) go (206) den Rialachán sealadach.

4.2. **Tomhaltas an Aontais**

(100) In éagmais barúlacha maidir le tomhaltas an Aontais, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí mar a leagtar amach in aithrisí (207) go (209) den Rialachán sealadach.

4.3. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

(101) In éagmais barúlacha maidir le hallmhairí ón tír lena mbaineann, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí mar a leagtar amach in aithrisí (210) go (214) den Rialachán sealadach.

4.3.1. *Praghsanna na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann: sladghearradh praghais agus sochtadh praghsanna*

(102) In éagmais barúlacha maidir le praghas na n-allmhairí ón tír lena mbaineann, sladghearradh praghais agus sochtadh praghsanna, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí mar a leagtar amach in aithrisí (215) go (221) den Rialachán sealadach.

4.4. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.4.1. *Barúlacha ginearálta*

(103) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí, conclúidí a leagtar amach in aithrisí (222) go (225) den Rialachán sealadach.

4.4.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

4.4.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(104) In éagmais barúlacha maidir le táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí mar a leagtar amach in aithrisí (226) go (228) den Rialachán sealadach.

4.4.2.2. Méid díolacháin agus an sciar den mhargadh

(105) In éagmais barúlacha maidir le méid na ndíolachán agus an sciar den mhargadh, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí mar a leagtar amach in aithrisí (229) go (231) den Rialachán sealadach.

4.4.2.3. Fás

(106) In éagmais barúlacha maidir le fás, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí mar a leagtar amach in aithris (232) den Rialachán sealadach.

4.4.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(107) In éagmais barúlacha maidir le fostaíocht agus táirgiúlacht, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí mar a leagtar amach in aithrisí (233) agus (235) den Rialachán sealadach.

4.4.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil a tharla cheana

(108) In éagmais barúlacha maidir le méid an chorrlaigh dumpála agus maidir le téarnamh ó dhumpáil a tharla cheana, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí mar a leagtar amach in aithrisí (236) go (237) den Rialachán sealadach.

4.4.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.4.3.1. Praghsanna agus fachtóirí a mbíonn tionchar acu ar phraghsanna

(109) In éagmais barúlacha maidir le praghsanna agus le tosca a mbíonn tionchar acu ar phraghsanna, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí mar a leagtar amach in aithrisí (238) go (241) den Rialachán sealadach.

4.4.3.2. Costais saothair

(110) In éagmais barúlacha maidir leis an gcostas saothair, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí mar a leagtar amach in aithrisí (242) go (243) den Rialachán sealadach.

4.4.3.3. Fardail

(111) In éagmais barúlacha maidir le fardail, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí mar a leagtar amach in aithrisí (244) go (245) den Rialachán sealadach.

4.4.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus cumas caipiteal a thiomsú

(112) In éagmais barúlacha maidir le brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus cumas caipiteal a thiomsú, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí mar a leagtar amach in aithrisí (246) go (251) den Rialachán sealadach.

4.4.4. *Conclúid faoi dhíobháil*

(113) Tar éis nochtadh sealadach, chuir táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte na Síne, chomh maith le CCCMC agus GMIA, i gcoinne na conclúide faoi dhíobháil do thionscal an Aontais arna léiriú le sochtadh praghsanna de thoradh na gcainníochtaí suntasacha allmhairí ar phraghsanna ísle ón tSín, go háirithe le linn an dara leath den tréimhse faoi bhreathnú (2021 – an tréimhse imscrúdúcháin) ar na cúiseanna seo a leanas:

— tháinig méadú níos mó ar mheánphraghas na Síne ná mar a tháinig ar phraghas thionscal an Aontais sa tréimhse imscrúdúcháin,

— bhí an difríocht sa phraghas idir na hallmhairí ón tSín agus praghas thionscal an Aontais níos lú sa tréimhse imscrúdúcháin ná mar a bhí in 2019 ([16]), nuair a bhí brabúsacht thionscal an Aontais sláintiúil ([17]),

— an ghéarchéim fuinnimh in 2021 ba chúis leis na méaduithe ar chostas táirgthe a bhí os comhair na dtáirgeoirí de chuid an Aontais, chomh maith leis na suaití ar an slabhra soláthair agus ar tháirgeadh a d'eascair as na bearta sriantacha a chuir rialtais ar fud na hEorpa i bhfeidhm de bharr phaindéim COVID-19 (2020 go dtí lár 2022), a raibh tionchar acu ar thorthaí airgeadais cuideachtaí i bhformhór na dtionscal Eorpach.

(114) Léirigh an t-imscrúdú gur tháinig laghdú [7-8,5] milliún kg ar dhíolacháin thionscal an Aontais ó 2019 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin. Rinne méid na ndíolachán caillte sin, in éineacht le praghsanna srianta, dochar do thionscal EMD, atá dian ar chaipiteal agus a bhfuil costais sheasta arda aige. An difríocht idir an meánphraghas allmhairiúcháin ón tSín agus praghas thionscal an Aontais, d'ainneoin go raibh sí níos airde in 2019, bhí éifeacht i bhfad níos lú aici ar bhrabúsacht, ós rud é gur dhíol tionscal an Aontais [7-8,5] milliún kg níos mó de EMD in 2019 i gcomparáid leis an tréimhse imscrúdúcháin.

(115) Mar a sholáthraítear sa Rialachán sealadach, ba é an toradh a bhí ag an laghdú ar mhéid na ndíolachán ag na praghsanna srianta ná meathlú ar tháscairí feidhmíochta airgeadais uile thionscal an Aontais. Cé gur bhain tionscal an Aontais leibhéal beag brabúis amach sa tréimhse imscrúdúcháin, chaill sé sreabhadh airgid dá dheasca sin agus ní raibh sé inbhuanaithe dá bharr sin.

(116) Mar a aithníodh a thuilleadh sna torthaí sealadacha, ba é an méadú géar ar phraghsáil fuinnimh agus amhábhar áirithe sa dara leath den tréimhse faoi bhreathnú ba chúis leis an méadú ar an gcostas táirgthe. Ba é an brú ar phraghsanna de bharr allmhairí ón tSín, a raibh buaicphointe á bhaint amach acu, ba chúis le neamhábaltacht tháirgeoirí an Aontais a bpraghsanna díolacháin a mhéadú, áfach, chomh maith le caillteanas suntasach ar mhéid na ndíolachán i gcomhréir le costas a bhí ag méadú. Chomh maith leis sin, ba sa dara cuid den tréimhse faoi bhreathnú a bhí an brú praghsanna ba shuntasaí ar chostas thionscal an Aontais ([18]).

(117) Ar deireadh, ní dhearna srianta COVID-19 difear do leibhéil táirgthe thionscal an Aontais, ós rud é go raibh méadú ag teacht ar tháirgeadh an Aontais in 2020 agus in 2021 agus nár dúnadh na monarchana táirgthe go sealadach. Dá bhrí sin, ní raibh na srianta sin in ann difear a dhéanamh do thorthaí airgeadais thionscal an Aontais. Ar an mbonn sin, diúltaíodh do na maímh sin.

([16]) Difríocht sa phraghas thart ar [5 % - 7 %] sa dara cuid den tréimhse faoi bhreathnú agus thart ar [8 % - 12 %] in 2019.
([17]) Bhí brabúsacht [2-3] % sa tréimhse imscrúdúcháin agus [7-8] % in 2019.
([18]) Bhí praghsanna allmhairí na Síne thart ar [10 %–15 %] níos ísle ná meánchostas táirgthe thionscal an Aontais sa tréimhse imscrúdúcháin, i gcomparáid le thart ar [1 %-2 %] sa difríocht in 2019.

(118) Mhaígh Daxin, CCCMC agus GMIA nárbh ann d'fhíorais chun tacú le haithris (220) den Rialachán sealadach, ina sloinntear, *d'ainneoin nach bhfuarthas aon sladghearradh ar bhonn gach idirbhirt i gcás dhá cheann de na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte, bhí meánphraghas na n-allmhairí iomlána isteach i margadh an Aontais ón tSín thart ar [5 %-9 %] níos ísle ná meánphraghas thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú*. Chuir na páirtithe sin i dtábhacht go raibh beagnach 99 % de mhéid na n-onnmhairí iomlána EMD ón tSín chuig an Aontas sa tréimhse imscrúdúcháin ag na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte ón tSín, lena n-áirítear na honnmhaireoirí comhoibríocha uile agus táirgeoirí onnmhairiúcháin eile. Dá bhrí sin, níor ghearr beagnach 99 % den mhéid iomlán EMD a onnmhairíodh ón tSín sa tréimhse imscrúdúcháin faoi phraghsanna tháirgeoirí an Aontais, nó níor ghearr sé fúthu ach méid beag.

(119) Cuireann an Coimisiún i dtábhacht an chonclúid a luaitear in aithris (202) den Rialachán sealadach lena léirítear gurbh é a bhí in onnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha thart ar 65 % d'onnmhairí iomlána na Síne chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Tugtar faoi deara, dá bhrí sin, nach bhfuarthas aon sladghearradh ar bhonn an idirbhirt i gcás dhá cheann de na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte agus gurbh é a bhí ann níos lú ná leath de na hallmhairí iomlána ón tSín. Mar a luaitear in aithris (215) den Rialachán sealadach, measadh praghsanna na n-allmhairí ar bhonn Eurostat, trí luachanna iomlána na n-allmhairí ón tSín a roinnt ar mhéid iomlán na n-allmhairí sin. Mar thoradh air sin, bhí meánphraghas na n-allmhairí iomlána isteach i margadh an Aontais ón tSín thart ar [5 %-9 %] níos ísle ná meánphraghas thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaímh na bpáirtithe.

(120) Mhaígh Daxin, CCCMC agus GMIA freisin nach ndearna an Coimisiún measúnú leordhóthanach ar dhifríochtaí i bpraghsanna idir ghráid éagsúla EMD, is é sin má bhí an anailís díobhála shealadach bunaithe ar shochtadh praghsanna a líomhnaíodh a rinne an tAontas, de thoradh allmhairí ar phraghas níos ísle ón tSín a bhain go príomha le honnmhairí ón tSín de ghráid níos ísle EMD, a raibh praghas níos ísle orthu dá réir sin.

(121) Mar a fhoráiltear in aithris (221) den Rialachán sealadach, bunaíodh brú ar phraghsanna ar mheánphraghas allmhairiúcháin na n-allmhairí iomlána ón tSín, agus cuireadh EMD ar gach grád cáilíochta san áireamh dá réir sin. Dá bhrí sin, diúltaíodh d'argóint na bpáirtithe.

5. **CÚISÍOCHT**

5.1. **Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte**

(122) In éagmais barúlacha maidir le héifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí mar a leagtar amach in aithrisí (257) go (263) den Rialachán sealadach.

5.2. **Tionchair tosca eile**

5.2.1. *Allmhairí ó thríú tíortha*

(123) In éagmais barúlacha maidir le tríú tíortha, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí mar a leagtar amach in aithrisí (264) go (266) den Rialachán sealadach.

5.2.2. *Feidhmíocht onnmhairiúcháin an tionscail de chuid an Aontais*

(124) In éagmais barúlacha maidir le feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí mar a leagtar amach in aithrisí (267) go (269) den Rialachán sealadach.

5.2.3. *Tosca eile*

(125) Tar éis nochtadh sealadach, mhaígh Daxin, CCCMC agus GMIA gur tharla caillteanas díolachán agus sciar den mhargadh i dtionscal an Aontais mar gheall ar thosca eile, is é sin neamhábaltacht thionscal an Aontais méideanna leordhóthanacha de EMD ardcháilíochta ([19]) a sholáthar d'úsáideoirí an Aontais, go háirithe sa dara leath den tréimhse faoi bhreathnú, agus go raibh ar na húsáideoirí dul i muinín allmhairí ón tSín dá réir sin. Dhearbhaigh na

([19]) Ní mór grád EMD ardfheidhmíochta ó thaobh ídiú ceallraí a bheith ag táirgeadh ceallraí ardfheidhmíochta (thart ar 1/2 de ghnó tháirgeoir cadhnraí).

páirtithe sin nár mhonaraigh ceann den dá tháirgeoir de chuid an Aontais (Autlan) EMD ardcháilíochta agus nár léirigh sé go raibh sé ar intinn aige EMD den sórt sin a mhonarú amach anseo. Dá bhrí sin, líomhnaíodh go raibh easpa deimhnithe ar cheann de na fáthanna gur chaill tionscal an Aontais a dhíolacháin EMD ardcháilíochta agus/nó nárbh fhéidir leis tairbhiú go hiomlán den éileamh nua ar an EMD ardcháilíochta, éileamh a raibh méadú ag teacht air.

(126) Thacaigh an dá úsáideoir chomhoibríocha thuas (Duracell agus Varta) leis an maíomh thuas, agus dúirt nach raibh tionscal an Aontais in ann an t-éileamh ar EMD san Aontas a shásamh, agus go raibh na hallmhairí ó thríú tíortha eile thar a bheith teoranta agus nár mhalairt rogha inmharthana a bhí iontu. Ní raibh aon rogha eile ag na húsáideoirí iartheachtacha ach brath ar allmhairí ó tSín.

(127) Dheimhnigh an t-imscrúdú go raibh cáilíocht éagsúil EMD ag teastáil ó úsáideoirí an Aontais (táirgeoirí ceallraí) ([20]) ina dtáirgeadh ceallraí ceall tirime, de réir paraiméadar a bhaineann go sonrach le gach úsáideoir. Mar a leagtar síos in aithris (316) den Rialachán sealadach, leanann gach grád EMD an próiseas táirgthe céanna, agus, mar a shuitear in aithris (25) den Rialachán sealadach, tá na buntréithe fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna ag EMD carbóin since agus EMD alcaileach araon agus úsáidtear iad chun na gcríoch céanna (táirgeadh ceallraí cille tirime). Is amhlaidh atá i gcás EMD alcaileach, beag beann ar an gcáilíocht a éilítear. Ina theannta sin, níor thuairiscigh ná níor léirigh aon táirgeoir sampláilte de chuid na Síne ná de chuid an Aontais aon difríocht idir rátaí tomhaltais na dtosca táirgeachta idir an méid a mhaítear mar ghráid cháilíochta éagsúla EMD le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, ní raibh an Coimisiún in ann líne deighilte uilíoch a bhunú idir EMD alcaileach ardcháilíochta 'ard' agus 'caighdeánach', ach baineann an t-idirdhealú sin go sonrach le gach úsáideoir. Dá bhrí sin, tagraíonn an Coimisiún ina anailís do EMD 'caighdeánach' agus 'ardcháilíochta' nuair a mheasann ceachtar de na húsáideoirí comhoibríocha go bhfuil an EMD a cheannaíonn sé ar ardchaighdeán nó nach bhfuil.

(128) Dheimhnigh an t-imscrúdú gur chuir tionscal an Aontais na trí cháilíocht éagsúla EMD ar fáil do na húsáideoirí le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Níor úsáid an dá úsáideoir chomhoibríocha ach EMD alcaileach ina dtáirgeadh – de cháilíocht chaighdeánach agus d'ardcháilíocht araon. An sciar EMD a fuair na húsáideoirí comhoibríocha ó thionscal an Aontais (ar an iomlán), ba é a bhí ann [55-65] % den mhéid iomlán EMD a fuair siad sa tréimhse imscrúdúcháin, lenar áiríodh EMD ardcháilíochta de ghrád alcaileach arb é a bhí ann thart air [25-35] % dá gceannacháin iomlána ó thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Chuir Autlan an EMD ar cháilíocht chaighdeánach ar fáil do dhá cheann de na trí úsáideoir mhóra san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú ([21]) agus bhí deimhniú leanúnach acu chun EMD a sholáthar don tríú úsáideoir. Sholáthair an dara táirgeoir de chuid an Aontais (Tosoh) an EMD ar cháilíocht chaighdeánach do na trí úsáideoir mhóra san Aontas (lena n-áirítear an dá phríomhúsáideoir chomhoibríocha) agus sholáthair sé an EMD ardcháilíochta do dhá cheann díobh le linn na tréimhse céanna. Bhí deimhniú leanúnach ag Tosoh chun an EMD ardcháilíochta a sholáthar don tríú úsáideoir.

(129) Chuir tionscal an Aontais méadú [0.8-1,8] milliún kg ar an leibhéal EMD ardcháilíochta de ghrád alcaileach ó bhí 2019 ann ach tháinig laghdú [11 %-16 %] ar na méideanna EMD ardcháilíochta ó 2021 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin de bharr allmhairí ón tSín, rud a dhearbhaíonn nach raibh na cúiseanna a bhaineann le deimhniú ná le hacmhainneacht ag cur bac ar thionscal an Aontais chun EMD ardcháilíochta a sholáthar. Tugtar faoi deara freisin gur laghdaigh tionscal an Aontais leibhéal a infheistíochtaí faoina leath, rud ba chúis le laghdú 45 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus dá bhrí sin nárbh fhéidir aon infheistíochtaí a dhéanamh i gcáilíocht ná in acmhainneacht a mhéadú. Dá bhforchuirfí na bearta frithdhumpála cinntitheacha ar EMD ón tSín, thabharfaí deis do thionscal an Aontais infheistiú in EMD ardcháilíochta, rud a chuireann na hallmhairí dumpáilte, an caillteanas ar an sciar den mhargadh agus brabúsacht íseal bac air faoi láthair. Ar an mbonn sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(130) Tar éis an nochta deiridh, d'easaontaigh CCCMC agus GMIA leis an gCoimisiún, ag athdhearbhú nárbh iad allmhairí EMD ón tSín ba chúis leis an díobháil líomhnaithe, ach nach raibh tionscal an Aontais in ann EMD ardcháilíochta de ghrád alcaileach a sholáthar nó a sholáthar i gcainníocht leordhóthanach, agus líomhnaíodh go raibh measúnú an Choimisiúin neamhiomlán, mar a shonraítear thíos.

([20]) EMD ar cháilíocht íseal (grád carbóin since), EMD de ghrád alcaileach caighdeánach agus EMD de ghrád alcaileach ardchaighdeáin.

([21]) Ba é a bhí ag an dá úsáideoir sin agus thart ar 70 % de thomhaltas an Aontais sa tréimhse imscrúdúcháin agus bhí ceann amháin díobh ag comhoibriú leis an imscrúdú.

(131) Líomhain CCCMC agus GMIA nach ndearna an Coimisiún idirdhealú cuí idir na monaróirí EMD ar féidir leo EMD ardcháilíochta a tháirgeadh, dá dtagraítear ina n-aighneacht mar EMD 'ardfheidhmíochta ó thaobh ídiú ceallraí', ag maíomh gurb iad na húsáideoirí a chinneann an grád cáilíochta, seachas na táirgeoirí. I ndáil leis sin, d'athdhearbhaigh an Coimisiún a mhíniú ó aithris (127), ag míniú go ndearnadh an t-idirdhealú go beacht ar shainmhíniú na n-úsáideoirí ar cháilíocht EMD, agus ní ar shainmhíniú na dtáirgeoirí uirthi. Is é sin, mheas an Coimisiún gur EMD 'ardcháilíochta' a bhí in EMD alcaileach a ndúirt ceachtar de na húsáideoirí ina leith go bhfuil ardfheidhmíocht acu ó thaobh ídiú ceallraí. Ar mhaithe le simplíocht, measadh gur cáilíocht 'caighdeánach' a bhí in EMD alcaileach eile agus tagraíodh dó dá réir.

(132) D'iarr CCCMC agus GMIA freisin go sainaithneofaí a thuilleadh saintréithe ceimiceacha, teicniúla, fisiceacha agus inphróiseáilteachta le haghaidh EMD ardcháilíochta agus caighdeánach, chomh maith le sainaithint na saintréithe atá criticiúil do tháirgeadh ceallraí, ag tabhairt dá n-aire nach raibh na saintréithe sin mar an gcéanna agus go ndéanann an margadh idirdhealú soiléir idir ceallraí alcaileacha atá lipéadaithe mar cheallraí préimhe (fadmharthanacha). Shoiléirigh an Coimisiún, mar a tugadh faoi deara in aithris (127), gurbh iad na buntréithe fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna ag EMD carbóin since agus cáilíochtaí éagsúla de EMD alcaileach agus gur úsáideadh iad chun na gcríoch céanna (táirgeadh ceallraí cille tirime). Níor thug sé sin le tuiscint go raibh paraiméadair gach tréith fhisicigh, cheimicigh agus theicniúil comhionann, ach, mar a fhoráiltear san aithris chéanna, go raibh siad sonrach do gach úsáideoir. Dá bhrí sin, bhí sonraíochtaí na bparaiméadar sin faoi rún agus bhí siad sonrach don chuideachta. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir an fhaisnéis sin a nochtadh. Thug an Coimisiún dá aire freisin dá ndéanfaí roinnt de na ceallraí alcaileacha sa mhargadh a lipéadú mar chadhnraí préimhe (fadmharthanacha), níor thug sé sin le tuiscint nár úsáideadh ach an EMD ardcháilíochta ina dtáirgeadh, agus níor chuir na páirtithe aon fhianaise ar fáil chun cur ina choinne sin.

(133) Cháin CCCMC agus GMIA an Coimisiún toisc nár aithin sé gur theip ar Autlan cloí go comhsheasmhach le deimhniú na n-úsáideoirí le haghaidh EMD ardcháilíochta. Rinne an Coimisiún tagairt d'aithris (127), inar tugadh faoi deara gur chuir Autlan an EMD ar cháilíocht chaighdeánach ar fáil do dhá cheann de na trí úsáideoir mhóra san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú ([22]) agus bhí deimhniú leanúnach acu chun EMD a sholáthar don tríú úsáideoir. Go deimhin, admhaíodh ann nár sholáthair Autlan EMD ardcháilíochta le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ach, mar a tugadh faoi deara san aithris bhreise (128), chuir tionscal an Aontais (ina iomláine) na trí cháilíocht éagsúla EMD ar fáil do na húsáideoirí le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(134) Dúirt CCCMC agus GMIA ar deireadh nach bhfuair siad aon nochtadh leormhaith lena gcuirtear ar a gcumas dóibh na sonraí maidir le EMD ardcháilíochta de ghrád alcaileach de chuid thionscal an Aontais a sheiceáil. Thug an Coimisiún dá aire go raibh na sonraí de réir na gcineálacha táirge a táirgeadh agus a díoladh faoi rún agus go raibh siad sonrach do chuideachta, ós rud é go raibh méideanna agus luachanna aonair tháirgeoirí an Aontais (nó táirgeoirí onnmhairiúcháin Síneacha) iontu. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir na sonraí sin a nochtadh. Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaímh na bpáirtithe.

5.3. **Conclúid maidir le cúisíocht**

(135) Ar bhonn an méid thuas agus in éagmais aon bharúlacha eile, rinne an Coimisiún an chonclúid nach bhféadfadh aon cheann de na fachtóirí eile a ndearnadh scrúdú orthu ag an gcéim shealadach agus ag an gcéim chinntitheach tionchar ábhartha a imirt ar staid dhíobhálach an tionscail de chuid an Aontais. Dá bhrí sin, níor chaolaigh aon cheann de na fachtóirí, a ndearnadh anailís orthu ar leithligh nó go comhchoiteann, an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil a d'fhulaing an tionscal de chuid an Aontais sa chaoi is nach mbeadh an nasc sin fíor ná suntasach a thuilleadh, ag deimhniú na conclúide in aithrisí (277) – (279) den Rialachán sealadach.

6. **LEIBHÉAL NA mBEART**

(136) Chun leibhéal na mbeart a dhéanamh amach, scrúdaigh an Coimisiún ar leor dleacht is lú ná an corrlach dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil a rinneadh do thionscal an Aontais de dheasca allmhairí dumpáilte.

([22]) Ba é a bhí ag an dá úsáideoir sin agus thart ar 70 % de thomhaltas an Aontais sa tréimhse imscrúdúcháin agus bhí ceann amháin díobh ag comhoibriú leis an imscrúdú.

(137) Mhaígh an gearánach gurbh ann do shaobhadh amhábhar de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, chun measúnú a dhéanamh ar an leibhéal beart iomchuí, shuigh an Coimisiún ar dtús an méid dleachta ba ghá chun go ndíothófar an díobháil a rinneadh don tionscal de chuid an Aontais in éagmais saofa faoi Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Scrúdaigh sé ansin an mbeadh corrlach dumpála na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin samplála, a bhfuarthas amach go raibh a phríomh-amhábhar faoi réir an tsaofa, níos airde ná a chorrlach gearrdhíola.

6.1. **Ríomh an chorrlaigh gearrdhíola**

(138) Mar a fhoráiltear le hAirteagal 9(4), an tríú fomhír, den bhun-Rialachán, agus de bharr nár chláraigh an Coimisiún allmhairí le linn thréimhse an nochta, rinne sé anailís ar fhorbairt na méideanna allmhairí chun a shuí ar tháinig méadú substaintiúil eile in allmhairí faoi réir an imscrúdaithe le linn thréimhse an réamhnochta agus dá bhrí sin ag léiriú na díobhála breise mar thoradh ar mhéadú den sórt sin nuair a bhí an corrlach tearcdhíola á chinneadh.

(139) Ar bhonn na sonraí ó bhunachar sonraí Surveillance 3 ([23]), bhí méideanna na n-allmhairí ón tSín 45 % níos airde le linn tréimhse ceithre seachtaine an réamh-nochta ná meánmhéideanna na n-allmhairí sa tréimhse imscrúdúcháin ar bhonn ceithre seachtaine. Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh ardú substaintiúil ar allmhairí faoi réir an imscrúdaithe le linn na tréimhse réamhnochta.

(140) Dá bhrí sin, ní dhearna an Coimisiún coigeartú ar an corrlach gearrdhíola maidir leis sin.

Spriocbhrabús

(141) Tar éis an nochta shealadaigh, chuir táirgeoirí an Aontais i gcoinne leibhéal an bhunbhrabúis [6–8] % a úsáideadh chun an praghas neamhdhíobhála a ríomh ([24]), agus mhaígh siad:

— ní leor é do thionscal atá dian ar chaipiteal agus níor fhág sé go bhféadfaí leanúint d'infheistiú in T&F,

— bhí éifeacht ag allmhairí ar phraghas íseal ón tSín ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse uile faoi bhreathnú, ós rud é go raibh siad ag laghdú praghsanna agus brabúsacht tháirgeoirí an Aontais le linn na tréimhse uile faoi bhreathnú,

— d'athdhearbhaigh Tosoh nach raibh éifeacht ag cleachtais dumpála ar na blianta 1997-2001 agus gur tháscach iad ar an spriocbhrabús a d'fhéadfadh tionscal an Aontais a bhaint amach,

— mhaígh Tosoh, i gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, nach mór corrlach brabúis ar a laghad 6 % a chur i bhfeidhm maidir le gach táirgeoir de chuid thionscal an Aontais,

— mhaígh Tosoh gur léirigh Tosoh Japan leibhéal brabúis [11-20 %] atá infheidhme maidir leis an tionscal EMD in imscrúdú frithdhumpála atá fós ar bun sa tSeapáin,

— mhaígh Autlan nár shroich brabúsacht iarbhír Tosoh an caighdeán don tionscal sin amach le linn na tréimhse 2018-2020 mar gheall ar úsáid acmhainneachta íseal, agus níor thug Tosoh aghaidh ar a acmhainneacht táirgeachta féin, ach mhaígh sé go raibh éifeacht dhiúltach ar a oibríochtaí in 2020 ag dálaí sonracha sa chuideachta.

([23]) Bunachar sonraí a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 55 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447. Tá breis faisnéise le fáil ar: https://taxation-customs.ec.europa.eu/online-services/online-services-and-databases-customs/surveillance-system_en

([24]) Ghlac an Coimisiún na brabúis a ghnóthaigh an dá tháirgeoir de chuid an Aontais sular tháinig méadú ar na hallmhairí ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú, is é sin an brabús iarbhír a tuilleadh in 2020, nuair a bhí an tionchar is ísle ag na hallmhairí dumpáilte. In 2020, bhí an sciar ba lú den mhargadh ([10 – 20] %) ag allmhairí na Síne le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus bhí táscairí airgeadais eile thionscal an Aontais ní ba dhearfaí an bhliain sin (an sreabhadh airgid b'airde agus an toradh b'airde ar infheistíochtaí a baineadh amach).

(142) Ar dtús, thug an Coimisiún dá aire, maidir le maímh athdhearbhaithe thionscal an Aontais chun úsáid a bhaint as an leibhéal brabúis 15 % is infheidhme maidir le tionscal na gceimiceán, chomh maith le leibhéil bhrabúis a baineadh amach in 1997-2001 (sular forchuireadh dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí EMD ón Afraic Theas ([25]), gur diúltaíodh dóibh cheana féin sa rialachán sealadach agus nár ceistíodh iad a thuilleadh le haon fhianaise nua. Ar an dara dul síos, níor léirigh táirgeoirí an Aontais go raibh na leibhéil bhrabúis a bhféadfadh Tosoh Japan a bhaint amach i margadh na Seapáine indéanta do thionscal an Aontais i margadh an Aontais. Ar an tríú dul síos, mheas an Coimisiún gur chinntí gnó a bhí sna cúinsí a nocht Tosoh in 2020 agus nár chuir siad an leibhéal brabúis a rinneadh an bhliain sin faoi dhíospóid.

(143) Dheimhnigh an Coimisiún gur shuigh sé, i gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, an bunbhrabús, agus na tosca seo a leanas á gcur san áireamh: leibhéal na brabúsachta roimh an méadú ar allmhairí ón tír lena mbaineann, leibhéal na brabúsachta is gá chun costais agus infheistíochtaí iomlána a chumhdach, taighde agus forbairt (T&F) agus nuálaíocht, agus leibhéal na brabúsachta a mbeadh coinne leis faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. Mheas an Coimisiún go raibh an brabús a rinne tionscal an Aontais in 2019 níos iomchuí ná an ceann a rinneadh in 2020, a suíodh sa chéim shealadach. Go deimhin, in 2019 bhí praghas na n-allmhairí ón tSín níos airde ná mar a bhí in 2020 agus bhí na méideanna fós i bhfad níos ísle ná mar a bhí sa tréimhse imscrúdúcháin, agus rinne tionscal an Aontais infheistíochtaí a bhí i bhfad níos airde ná mar a rinne sé sna blianta ina dhiaidh sin nuair a thosaigh laghdú ag teacht ar leibhéal infheistíochtaí agus ar leibhéal brabúsachta thionscal an Aontais araon. Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, go léiríonn an brabús a bhain tionscal an Aontais amach in 2019 an leibhéal brabúsachta a mbeadh coinne leis faoi ghnáthdhálaí iomaíochta agus, dá bhrí sin, bhain sé úsáid as an leibhéal sin de bhunbhrabús [7-9 %] le haghaidh ríomh an phraghais neamh-dhíobhálaigh agus diúltaíodh do mhaímh na bpáirtithe.

(144) Tar éis an nochta deiridh, chuir an dá tháirgeoir de chuid an Aontais i gcoinne na gconclúidí ón gCoimisiún maidir leis an mbunbhrabús a úsáideadh chun an corrlach gearrdhíola a ríomh, agus mhaígh siad nach raibh sé leormhaith don tionscal EMD. Mhaígh Autlan agus Tosoh go raibh dóthain fianaise ag an gCoimisiún chun a chinneadh go raibh tionchar ag tosca eisceachtúla ar Tosoh le linn 2018-2020 agus nár cheart a bhrabús a úsáid chun an bunbhrabús a ríomh ([26]). D'áitigh Autlan freisin nach bhféadfadh an Coimisiún bunbhrabús de [7-9]% a shuí do thionscal an Aontais dá gcuirfeadh sé san áireamh go leordhóthanach an leibhéal brabúsachta is gá chun costais agus infheistíochtaí iomlána a chumhdach, taighde agus forbairt, ag díriú ar a tháscairí airgeadais féin ina leith sin. Dúirt Tosoh freisin gur cheart don Choimisiún brabúsacht 1997-2001 a úsáid ina ionad sin, ós rud é gurb é an tréimhse dheireanach nach raibh cleachtas dumpála ag déanamh difear di, toisc gur laghdaigh allmhairí dumpáilte EMD ón Afraic Theas ó 2002 go 2019 brabúsacht thionscal EMD an Aontais, ar tháinig allmhairí dumpáilte Síneacha ina n-ionad ina dhiaidh sin. Ar deireadh, níor aontaigh Autlan le conclúid an Choimisiúin nár léirigh táirgeoirí an Aontais go raibh na leibhéil bhrabúis a bhféadfadh Tosoh Japan a bhaint amach i margadh na Seapáine indéanta do thionscal an Aontais i margadh an Aontais.

(145) Ar an gcéad dul síos, mheabhraigh an Coimisiún go suitear an bunleibhéal brabúis ar leibhéal thionscal an Aontais ina iomláine, i.e. agus leibhéil bhrabúis tháirgeoirí uile an Aontais á gcur san áireamh, mura féidir imthosca eisceachtúla a rinne difear dá gcorrlach brabúis a léiriú i gcás táirgeoir ar leith. Scrúdaigh an Coimisiún an fhianaise a chuir Tosoh isteach agus tháinig sé ar an gconclúid gur cinntí gnó iad na himthosca a nocht Tosoh a rinne difear d'oibríochtaí na cuideachta sa tréimhse 2018-2020 agus go raibh an leibhéal brabúis a baineadh amach gach bliain mar thoradh orthu. Dá bhrí sin, chuaigh an Coimisiún ar aghaidh chun leibhéal bunbhrabús a shuí do thionscal an Aontais ina iomláine i gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán. Ós rud é gur suíodh bunbhrabús do thionscal an Aontais ina iomláine, cuireadh leibhéal brabúis Autlan san áireamh go leordhóthanach dá bharr sin. Thairis sin, mar a tugadh faoi deara in aithrisí (154) – (155), na hinfheistíochtaí, T&F agus costais nuálaíochta faoi ghnáthdhálaí iomaíochta mar a suíodh sa Rialachán sealadach, aithris (289), cuireadh iad leis an mbunbhrabús, as ar tháinig spriocbhrabús de [8-11] %.

([25]) Rialachán (CE) Uimh. 221/2008 ón gComhairle an 10 Márta 2008 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí dé-ocsaídí mangainéise áirithe de thionscnamh na hAfraice Theas, IO L 69, 13.3.2008, lch. 1.

([26]) Thagair Autlan do chinntí na Cúirte Breithiúnais sa Bhreithiúnas an 8 Meitheamh 2023, *Severstal v an Coimisiún*, C-747/21 P (Cásanna Uamtha C-747/21 P, C-748/21 P), EU:C:2023:459, míreanna 76 agus 79, agus tuairim an Abhcóide Ghinearálta sa chás sin, míreanna 33, 56 agus 57.

(146) Mar a shonraítear sa chásdlí a thug Autlan i dtábhacht ina bharúlacha, *'tá lánrogha leathan ag an gCoimisiún maidir leis an modh chun an corrlach díobhála a ríomh a roghnú, ar choinníoll go bhfeidhmítear lánrogha den sórt sin i gcomhréir leis na ráthaíochtaí arna dtabhairt ag dlíchóras an Aontais i nósanna imeachta riaracháin agus trína áirithiú go dtiocfaidh torthaí sochreidte as a rogha*'. ([27]) Ina theannta sin, sonraíonn an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil 'lánrogha ag an gCoimisiún freisin an corrlach [spriocbhrabúis] a shocrú.' ([28]) Is de réir an lánrogha sin ar tháinig an Coimisiún ar an gconclúid cheana nach féidir a mheas go bhfuil na leibhéil bhrabúis a baineadh amach in 1997-2001 ionadaíoch do staid thionscal an Aontais inniu, níos mó ná 20 bliain ina dhiaidh sin, agus dá bhrí sin measadh nach raibh siad iomchuí. Níor cuireadh in aghaidh na conclúide sin le fianaise nua agus dá bhrí sin diúltaíodh do na maímh.

(147) Ar an mbealach céanna, níor chuir Autlan ná Tosah aon argóint nua i láthair a d'fhéadfadh conclúid an Choimisiúin a athrú, is é sin nár léirigh táirgeoirí an Aontais go raibh na leibhéil bhrabúis a bhféadfadh Tosoh Japan a bhaint amach i margadh na Seapáine indéanta do thionscal an Aontais, ina iomláine, i margadh an Aontais freisin.

(148) Ar deireadh, níor aontaigh an Coimisiún leis an dearbhú gurb í an tréimhse 1997-2001 an tréimhse dheireanach nach ndearna an cleachtas dumpála difear di, ós rud é go raibh bearta frithdhumpála i gcoinne allmhairí EMD ón Afraic Theas i bhfeidhm go leanúnach idir 2002 agus 2019, lenar athbhunaíodh cothroime iomaíochta i margadh an Aontais. Mar sin féin, ón bhfianaise a chuir na gearánaigh isteach, bhain tionscal an Aontais an leibhéal brabúsachta is airde amach in 2019.

(149) Ar an taobh eile, mhaígh Daxin, CCCMC agus GMIA gur cheart don Choimisiún úsáid a bhaint as an mbliain 2020 mar an bhliain is iomchuí chun bunbhrabús a shuí, ós rud é go raibh roinnt táscairí airgeadais níos fearr sa bhliain sin agus gur thug sé dá aire go sonrach an easpa méide agus brú praghsanna ó allmhairí. D'aithin an Coimisiún na gnéithe sin cheana in aithris (143). Ní chuireann sé sin isteach, áfach, ar an bhfíoras gur bhain tionscal an Aontais brabúsacht níos airde amach sa bhliain 2019 ná mar a bhí in 2020, sula ndeachaigh dálaí an mhargaidh go mór chun donais. Ós rud é gur leibhéal brabúsachta é sin a baineadh amach go hiarbhír, measadh gur 'leibhéal brabúsachta é a mbeifí ag súil leis faoi ghnáthdhálaí iomaíochta'.

(150) Dá bhrí sin, chloígh an Coimisiún lena chonclúid gurb é an leibhéal brabúis a bhain tionscal an Aontais amach in 2019 an leibhéal is iomchuí le húsáid mar spriocbhrabús.

Infheistíochtaí, taighde agus forbairt agus speansas nuálaíochta

(151) Chuir Xiangtan i gcoinne ríomh na difríochta idir infheistíochtaí, T&F agus speansais nuálaíochta, ós rud é, de réir na ráiteas a rinneadh ar leibhéal grúpa ([29]) Autlan, gur cuireadh 93 thionscadal infheistíochta i gcrích, líon níos mó ná riamh, agus chomhlíon an chuideachta na gealltanais airgeadais agus na riachtanais oibríochtúla agus infheistíochta uile le linn na bliana. Dúirt Xiangtan freisin go bhfuair Autlan Cegasa Portable Energy agus a mhonarcha Dé-ocsaíde Mangainéise Leictrealaíche i mí Feabhra 2020, go ndearnadh Autlan EMD de, agus go ndearna infheistíocht chaipitil chomh mór sin difear do chumas an ghrúpa infheistíocht in T&F a dhéanamh. Ar an gcaoi chéanna, mhaígh Xiangtan gur thaifid ráitis airgeadais Tosoh ([30]) méadú ó bhliain go bliain ar speansais T&F ón 31 Márta 2021 go dtí an 31 Márta 2023. Dá bhrí sin, tá Tosoh in ann infheistíochtaí a dhéanamh i dtrealamh a athrú agus in T&F freisin.

(152) Thug Autlan freagra ar an mbarúil agus dúirt gur tugadh le fios sa tuarascáil bhliantúil chéanna go raibh ceithre aonad gnó ag Autlan: Autlan Manganese, Autlan EMD, Autlan Energy agus Autlan Metallorum. Dá réir sin, níor bhain na 93 thionscadal comhinfheistíochta leis an aonad gnó EMD, ach le haonad gnó Autlan Manganese, mar a luadh sa tuarascáil chéanna. Chomh maith leis sin, ba é a bhí san aonad gnó EMD agus 3,63 % de láimhdeachas iomlán díolachán an ghrúpa.

([27]) Breithiúnas an 8 Meitheamh 2023, *Severstal v an Coimisiún*, C-747/21 P (Cásanna Uamtha C-747/21 P, C-748/21 P), EU:C:2023:459, mír 76.

([28]) Breithiúnas an 8 Meitheamh 2023, *Severstal v an Coimisiún*, C-747/21 P (Cásanna Uamtha C-747/21 P, C-748/21 P), EU:C:2023:459, mír 78.

([29]) Tuarascáil Bhliantúil Autlan 2022, https://www.autlan.com.mx/wp-content/uploads/2019/09/Informe_Anual_2022-ING.pdf

([30]) https://www.tosoh.com/investors/audited-financial-statements

(153) Go deimhin, mar a luadh in aithris (289) den Rialachán sealadach, d'fhíoraigh an Coimisiún na pleananna infheistíochta, tionscadail ar diúltaíodh dóibh, tionscadail a cuireadh siar, orduithe ceannaigh an dá tháirgeoir de chuid an Aontais nár cuireadh i gcrích ar deireadh, rud a léirigh go raibh na hinfheistíochtaí sin pleanáilte i ndáiríre. Bhain an fhaisnéis a fíoraíodh go heisiach le Autlan EMD, S.L. atá lonnaithe in Oñati (Guipuzcoa), an Spáinn agus le Tosoh Hellas Single Member S.A. atá lonnaithe in Sindos, an Ghréig. Ní raibh aon fhianaise shubstaintiúil ina bunús le maíomh an pháirtí, agus diúltaíodh dó dá bhrí sin.

(154) Dá bhrí sin, choinnigh an Coimisiún an difríocht idir infheistíochtaí, T&F agus speansais nuálaíochta faoi ghnáthchoinníollacha iomaíochta, mar a suíodh sa Rialachán sealadach, aithris (289). [1 – 2] %. a bhí sa difríocht sin, arna sloinneadh mar chéatadán den láimhdeachas.

(155) Cuireadh an céatadán sin leis an mbunbrabús de [7 – 9] % a luaitear in aithris (143), a raibh spriocbhrabús [8 – 11] % mar thoradh air.

Costais chomhshaoil sa todhchaí

(156) Mhaígh Xiangtan, CCCMC agus GMIA nár cheart costais chomhshaoil sa todhchaí a chur le ríomh an spriocphraghais ar na cúiseanna seo a leanas:

— fuair táirgeoirí an Aontais lamháltais an Chórais Trádála Astaíochtaí (ETS) don tréimhse faoi bhreathnú. Dá bhrí sin, bhí an tairbhe ó na lamháltais sin san áireamh sa bhunbhrabús de [7-9] % cheana féin,

— bhí a sásra trádála astaíochtaí carbóin féin ag an tSín, dá bhrí sin, ba cheart comparáid leormhaith a bheith ag costas todhchaí na Síne,

— d'fhorchuirfeadh sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha ('SCCT') na costais chéanna ar tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne; agus dá bhrí sin ba cheart do na costais sin costais comhlíontachta CTA a fhritháireamh do thionscal an Aontais.

(157) Mar a fhoráiltear sa nóta a ghabhann leis an gcomhad maidir le ríomh na gcostas comhshaoil sa todhchaí ([31]), níor suíodh aon chostas díreach sa todhchaí atá nasctha leis an CTA a bhain leis an gcostas chun na ceadanna astaíochta a cheannach sa chás seo. An t-aon chostas indíreach sa todhchaí a suíodh atá nasctha leis an CTA, bhain sé le costas ceannaigh an leictreachais. Dá bhrí sin, níor rannchuidigh na lamháltais CTA a fuair táirgeoirí an Aontais go díreach leis an spriocphraghas a ríomh a thuilleadh. Maidir le costas carbóin na Síne, ní raibh siad ábhartha ós rud é, chun an corrlach díobhála a ríomh, go ndearnadh comparáid idir meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte sa tréimhse imscrúdúcháin agus meánphraghas neamhdhíobhála ualaithe thionscal an Aontais. Ar deireadh, ní raibh aon fhianaise ann go mbeadh feidhm ag SCCT maidir le hallmhairí EMD. Ar an mbonn sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(158) Mhaígh Daxin, CCCMC agus GMIA nár soláthraíodh míniú agus fianaise riachtanach le haghaidh an choigeartaithe i nóta an Choimisiúin ([32]) i dtaca leis an gcomhad maidir le costais chomhlíontachta indíreacha a bheidh ann amach anseo (e.g. níor shonraigh sé cé acu a bhí nó nach raibh lamháltais astaíochtaí saor in aisce nó íoctha ag táirgeoirí an Aontais sa tréimhse imscrúdúcháin, nó má athróidh an staid sin sa tréimhse atá le teacht 2024-2028) agus nár sholáthair sé na ríomhanna iarbhír ábhartha (e.g. ríomh an fhachtóra leictreachais CO2). Dá bhrí sin, ní raibh aon bhunús ag na páirtithe leasmhara chun na ríomhanna/na conclúidí i roinn 2.2 den nóta a ghabhann leis an gcomhad a sheiceáil agus a fhíorú. Ní mór an fhaisnéis sin go léir a nochtadh.

(159) Thug an Coimisiún dá aire, mar a mhínítear sa nóta a ghabhann leis an gcomhad a luaitear thuas, gur bhain na costais chomhlíontachta indíreacha sa todhchaí atá nasctha leis an CTA le costas ceannaigh an leictreachais, agus dá bhrí sin nár bhain siad le lamháltais astaíochtaí saor in aisce nó íoctha. Míníodh modh ríofa na gcostas comhlíontachta indíreach sa todhchaí, lena n-áirítear na trí chéim, sa nóta a ghabhann leis an gcomhad agus cuireadh an toradh ag gach céim ar fáil laistigh de raon. Bhí sonraí de chuid tháirgeoirí an Aontais faoi rún agus bhain siad le cuideachtaí sonracha, ós rud é gur siad rátaí agus costas tomhaltais leictreachais aonair iontu. Ní fhéadfaí na sonraí sin a nochtadh, dá bhrí sin, agus diúltaíodh do mhaíomh na bpáirtithe.

(160) D'iarr Daxin, CCCMC agus GMIA ar an gCoimisiún údar a thabhairt le húsáid a bhaint as figiúirí Bloomberg don Phraghas Réamh-mheastacháin Lamháltas in EUR/tCO2 a úsáideadh chun an costas comhshaoil sa todhchaí a ríomh agus mhol siad foinse eile, Statista, gan a léiriú cén fáth nach raibh sonraí Bloomberg chomh iontaofa leis.

([31]) An nóta a ghabhann leis an gcomhad maidir leis na costais chomhshaoil sa todhchaí a ríomh, t23.004660 an 11/10/2023.
([32]) An nóta a ghabhann leis an gcomhad maidir leis na costais chomhshaoil sa todhchaí a ríomh, t23.004660 an 11/10/2023.

(161) Thug an Coimisiún dá aire gur bhunaigh an fhoinse a mhol na páirtithe meán-ionchais maidir le praghas carbóin ar an tuarascáil 'GHG Market Sentiment Survey' a d'ullmhaigh PwC don International Emissions Trading Association ('IETA'). Bhí faisnéis sa tuarascáil sin a fuarthas ó fhoinsí éagsúla agus ní raibh iarracht déanta ag PwC agus IETA chun iontaofacht na bhfoinsí sin a shuí ná an fhaisnéis a soláthraíodh ar an mbealach sin a fhíorú, mar a léiríodh sa tuarascáil ([33]). Bhí an fhoinse a d'úsáid an Coimisiún bunaithe ar Bloomberg (Bloomberg New Energy Finance) agus áiríodh ann na réamh-mheastacháin mheánacha ó roinnt eintiteas ([34]), a bhí fíoraithe agus tugtha cothrom le dáta go leanúnach ag seirbhís Bloomberg. Ar an gcúis sin, measadh go raibh an meánphraghas ó roinnt foinsí níos iontaofa ná ón bhfoinse a mhol na páirtithe. Dá bhrí sin, choinnigh an Coimisiún an fhoinse a suíodh agus thug sé an ríomh cothrom le dáta leis na figiúirí ba dhéanaí a bhí le fáil.

(162) Mhaígh Tosoh nár léiríodh an costas sa todhchaí chun lamháltais astaíochtaí CO2 a cheannach sna ríomhanna sealadacha, ós rud é gur thabhaigh Tosoh infheistíochtaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú chun an gá le lamháltais CTA sa todhchaí a laghdú.

(163) Dheimhnigh an Coimisiún, mar a soláthraíodh do Tosoh ina nochtadh ar leithligh agus sa nóta a ghabhann leis an gcomhad ([35]) maidir le ríomhanna na gcostas comhshaoil sa todhchaí, rinne an Coimisiún scrúdú ar na costais CTA a tabhaíodh le linn na tréimhse imscrúdúcháin, chomh maith leis an méid lamháltais CTA a bheidh gá lena cheannach le linn na tréimhse 2024-2028 agus lena thuairisciú ag an dá tháirgeoir de chuid an Aontais, de réir is infheidhme. Chuir an Coimisiún san áireamh, *inter alia*, na lamháltais CTA saor in aisce a fuarthas don tréimhse imscrúdúcháin agus na lamháltais CTA a tugadh anonn ó bhlianta roimhe sin, agus an gá le lamháltais CTA a bhfuil coinne leis. Ríomh an Coimisiún na costais dhíreacha sa todhchaí atá nasctha leis an CTA (lamháltais le ceannach arna n-iolrú faoina bpraghas). I ndiaidh praghsanna lamháltais CTA réamh-mheasta a shuí, rinne an Coimisiún comparáid idir meánchostas le haghaidh na tréimhse 2024-2028 agus na costais le linn an imscrúdaithe. Ós rud é nach bhfuarthas aon difríocht dhearfach idir an dá luach, níor suíodh aon chostas díreach sa todhchaí. Thug an Coimisiún dá aire freisin gur cuireadh aon infheistíocht a tabhaíodh le linn na tréimhse faoi bhreathnú chun an gá le lamháltais CTA a laghdú san áireamh agus an costas táirgthe le linn an imscrúdaithe á shuí, agus úsáideadh an costas táirgthe sin chun an spriocphraghas a shuí. Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaíomh an pháirtí.

Inchomparáideacht na dtáirgí

(164) D'iarr Daxin coigeartú idir cineál táirge A (alcaileach) agus cineál táirge C (carbóin since) chun an corrlach díobhála a ríomh, ós rud é gur éiligh cineál A tuilleadh leictreachais, gail, oibreáin sruthlaithe agus saothair. Mar a léirítear in aithris (127) thuas, áfach, níor thuairiscigh Daxin, ná aon táirgeoir sampláilte Síneach eile aon difríocht idir rátaí tomhaltais na dtosca táirgeachta le haghaidh an dá chineál táirge sin. Dá bhrí sin, ní raibh údar leis an gcoigeartú.

(165) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Daxin nach raibh údar le diúltú an choigeartaithe idir cineálacha táirgí A agus C agus nach raibh aon oibleagáid ar tháirgeoirí na Síne a chruthú go raibh an dá chineál táirge difriúil. D'athdhearbhaigh Daxin a mhaíomh gur cheart an corrlach díobhála a mheas agus a ríomh bunaithe ar an gcineál céanna táirgí agus dá bhrí sin measann sé go bhfuil sé éagórach cineál táirge A a úsáid chun comparáid a dhéanamh idir cineál táirge C agus an corrlach díobhála á ríomh.

(166) Mheas an Coimisiún, ós rud é nár sholáthair aon cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte comhoibríocha aon sonraí maidir leis na difríochtaí i dtéarmaí táirgthe an dá chineál táirgí, nach bhféadfadh an Coimisiún coigeartú den sórt sin a chur i bhfeidhm. Ar an gcúis sin, agus in éagmais fianaise dá mhalairt, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár ghá aon choigeartú a dhéanamh.

(167) I bhfianaise na n-athruithe thuas ar na ríomhanna gearrdhíola agus na n-athruithe ar na corrlaigh dhumpála a mhínítear i roinn 3.5 thuas, tugtar an Tábla faoi aithris (297) den Rialachán sealadach cothrom le dáta mar a leanas:

([33]) https://www.ieta.org/resources/ghg-sentiment-survey/2023-survey/ (arna rochtain an uair dheiridh an 31 Eanáir 2024).
([34]) Bloomberg NEF, Commerzbank AG, Banco Santander SA, Intesa Sanpaolo SpA, MUFG Bank.
([35]) An nóta a ghabhann leis an gcomhad maidir leis na costais chomhshaoil sa todhchaí a ríomh, t23.004660 an 11/10/2023.

Tír	Cuideachta	Corrlach dumpála (%)	Corrlach gearrdhíola (%)
Daon-Phoblacht na Síne	Xiangtan	47,2 %	8,6 %
	Guiliu	62,9 %	0 %
	Daxin	18,3 %	17,1 %
	Cuideachtaí comhoibríocha eile	47,4 %	10,1 %
	Gach cuideachta eile	100,9 %	35,0 %

6.2. **Scrúdú ar an gcorrlach leordhóthanach chun an díobháil a bhain do thionscal an Aontais, i ndáil le Dhaon-Phoblacht na Síne, a bhaint**

(168) Ar bhonn an mhéid sin thuas, bhain an Coimisiún de thátal gur ghá a mheas an bhfuil saobhadh ann maidir leis an táirge atá faoi imscrúdú de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, rud a d'fhágfadh go mbeadh dleacht níos ísle ná an corrlach dumpála nach leor chun deireadh a chur leis an díobháil de dheasca allmhairí dumpáilte den táirge atá faoi imscrúdú.

(169) Mar a mhíníodh san fhógra leasaitheach, sholáthair an gearánach fianaise leordhóthanach go bhfuil saobhadh amhábhar sa tSín maidir leis an táirge faoi imscrúdú. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún scrúdú ar an saobhadh líomhnaithe chun a mheas an mbeadh dleacht níos ísle ná an corrlach dumpála leordhóthanach chun an díobháil a bhaint.

(170) Dheimhnigh an t-imscrúdú nach raibh aon aisíocaíocht CBL ar onnmhairí méine mangainéise sa tír lena mbaineann. Fíoraíodh é sin le linn na gcuairteanna fíoraithe sa tSín agus cros-seiceáladh é in aghaidh liosta cánach oifigiúil an rialtais. Liostaítear laghdú nó aistarraingt aisíocaíochtaí CBL in Airteagal 7(2a), an dara fomhír den bhun-Rialachán, mar cheann de na nithe atá i gceist le saobhadh amhábhair ábhartha.

(171) Suíodh san imscrúdú freisin gurbh ionann an mhian mhangainéise agus níos mó ná 17 % de chostas táirgthe an táirge faoi imscrúdú sa tír lena mbaineann, mar a éilítear le hAirteagal 7(2a), an cúigiú fomhír den bhun-Rialachán, ar leibhéal na tíre agus ar leibhéal gach cuideachta sampláilte ar leith.

(172) Léiríodh leis an anailís ar mhianta arna bhfoinsiú ar bhonn intíre freisin go raibh praghsanna táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha níos ísle i gcomparáid leis an tagarmharc, agus gurbh ann do lascainí idir 10 % agus 63 %.

(173) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh mian mhangainéise faoi réir saobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán.

(174) Mhaígh Xiangtan, CCCMC agus GMIA go raibh an saobhadh de bharr easpa aisíocaíochta CBL ar onnmhairiúchán méine mangainéise gan bhunús, ós rud é gurbh amhlaidh an cás ó bhí 2004 ann agus dá bhrí sin go mbeadh athchothromú tagtha ar na margaí le 20 bliain anuas. Mheas an Coimisiún nach ndearna éifeachtaí an tsaofa dochar do shaobhadh a bheith ann. Ós rud é go raibh fianaise oibiachtúil ann gurbh ann don saobhadh sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(175) Mhaígh Xiangtan thairis sin go raibh an tSín ina glanallmhaireoir de mhian mhangainéise ós rud é gur bhain drochcháilíocht lena mian áitiúil agus dá bhrí sin nach raibh aon tagarmharc idirnáisiúnta ann di. Mhaígh Xiangtan freisin go raibh an mhian mhangainéise ag tiúchan íseal ar a ndéantar mianadóireacht sa tSín faoi bhun 20 % de thiúchan mangainéise agus dá bhrí sin nár tháinig sí faoi gcód CC céanna 2602 00 agus a tháinig an mhian mhangainéise a úsáideadh don tagarmharc. Thug an Coimisiún dá aire nár chuir Xiangtan aon fhianaise i láthair lena gcruthófaí

nach raibh aon mhargadh ann don mhian ag tiúchan níos ísle lasmuigh den tSín. Ós rud é gur úsáid táirgeoirí EMD na Síne an mhian a ndéantar mianadóireacht uirthi go hintíre, d'ainneoin nár tháinig sí faoin gcód AC céanna, in éineacht leis na mianta allmhairithe ag tiúchan níos airde, mheas an Coimisiún go ndearna tionchar an tsaofa difear do mhargadh na Síne i gcás gach cineál méine mangainéise, agus diúltaíodh do mhaíomh Xiangtan dá bhrí sin.

(176) Mhaígh Xiangtan, CCCMC agus GMIA agus Guiliu nár comhlíonadh an tairseach 17 % a shonraítear sa bhun-Rialachán maidir le mian mhangainéise, agus d'áitigh siad gur cheart meastóireacht ar leithligh a dhéanamh ar chineálacha éagsúla méine mangainéise. Mar sin féin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin. Chinn sé gurb é an cion mangainéise sa mhian an phríomhthoisc, de bharr na héagsúlachta substaintiúla san ábhar. Dá réir sin, tháinig sé ar an gconclúid gur cheart caitheamh leis na mianta mangainéise uile mar aon amhábhar aontaithe amháin.

(177) Mhaígh Guiliu go mbeadh sé níos iomchuí meánphraghas ualaithe a úsáid chun praghsanna a chur i gcomparáid le praghsanna idirnáisiúnta, ós rud é gur allmhairigh siad formhór a mianta. Mheas an Coimisiún gur thairbhigh Guiliu fós de shaobhadh praghsála mar gheall ar a mian a fhoinsítear ar bhonn intíre agus a fuarthas ar phraghsanna faoin tagarmharc, rud a d'fhág nach raibh an cur chuige meán ualaithe oiriúnach. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(178) Mhaígh Autlan agus Tosoh go ndearna an saobhadh amhábhar difear, ní hamháin don mhian mhangainéise ach do na hionchuir fuinnimh a d'úsáid táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne freisin, agus d'iarr siad ar an gCoimisiún raon feidhme a imscrúdaithe a leathnú. Mar a míníodh in aithris (170), shuigh an Coimisiún saobhadh amhábhar de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán i ndáil le mian mhangainéise is infheidhme maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte uile. Dá bhrí sin, níor mheas sé gur ghá imscrúdú breise a dhéanamh ar cé acu is ann do shaobhadh amhábhar eile nó nach ann. Dá réir sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

6.2.1. *Leas an Aontais faoi Airteagal 7(2b) den bhun-Rialachán*

(179) Tar éis dó teacht ar an gconclúid gur ann do shaobhadh amhábhar sa tSín mar a shainmhínítear le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an staid lena fháil amach an bhféadfadh sé teacht ar an gconclúid shoiléir go raibh sé chun leasa an Aontais méid na ndleachtanna cinntitheacha a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 7(2b) den bhun-Rialachán. Bhí an cinneadh maidir le leas an Aontais bunaithe ar thuiscint ar an bhfaisnéis ábhartha uile a bhaineann leis an imscrúdú sin, lena n-áirítear na hinniúlachtaí breise sa tSín, iomaíocht le haghaidh amhábhar agus an tionchar ar shlabhraí soláthair do chuideachtaí an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal 7(2b) den bhun-Rialachán. Chun an measúnú sin a chur i gcrích, chuir an Coimisiún ceisteanna sonracha leis na ceistneoirí chuig na páirtithe leasmhara uile. Chuir an dá tháirgeoir de chuid an Aontais agus an dá úsáideoir chomhoibríocha freagraí ar na ceisteanna sin ar fáil.

6.2.1.1. Acmhainneachtaí breise sa tír is onnmhaireoir

(180) Ar bhonn faisnéise a chuir Tosoh ar fáil ([36]), measadh go raibh acmhainneacht táirgeachta bhreise EMD sa tSín thart ar [190 000 000 - 205 000 000 cileagram] ([37]). Os a choinne sin, bhí méid de [36 000 000 - 38 000 000] cileagram ag baint le margadh an Aontais. I dtéarmaí coibhneasta, tá méid ollmhór amach is amach ag baint le hacmhainneachtaí breise sa tSín.

(181) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh acmhainn shuntasach spártha sa tSín agus, má úsáidtear í, go raibh an cumas breise sin ann soláthar domhanda an táirge atá faoi imscrúdú a mhéadú, praghsanna a laghdú agus, dá bhrí sin, an bonn a bhaint d'éifeachtacht an bhirt mura socraítear é ar leibhéal na dumpála.

6.2.1.2. Iomaíocht le haghaidh amhábhar

(182) A mhéid a bhaineann le hiomaíocht d'amhábhair, shuigh an Coimisiún nach bhfuil aon aisíocaíocht cánach breisluacha ar onnmhairí méine mangainéise sa tír lena mbaineann agus go raibh praghas na méine mangainéise sa tSín níos ísle go suntasach ná an praghas i margaí ionadaíocha idirnáisiúnta (féach aithrisí (169) agus (171)). Mar a leagtar amach in aithris (172) thuas, measadh go raibh saobhadh i margadh amhábhair méine mangainéise na Síne.

([36]) Foinse: International Manganese Institute.

([37]) Acmhainneacht iomlán [470 000 000 - 490 000 000 kg] agus táirgeacht [260 000 000 - 280 000 000 kg].

(183) Mar thoradh air sin, aistarraingt aisíocaíochtaí cánach breisluacha le haghaidh onnmhairí méine mangainéise sa tSín, cuireann sí sin srian ar onnmhairiú na méine mangainéise a ndéantar mianadóireacht uirthi sa tSín. Trí leibhéal an tsoláthair amhábhar a mhéadú go saorga, déanann Rialtas na Síne praghsanna na méine mangainéise intíre a bhrú síos. Íocann táirgeoirí EMD na Síne níos lú as mian mhangainéise intíre ná mar a bheadh orthu a íoc mura mbeadh an srian onnmhairiúcháin i bhfeidhm. Cruthaíonn sé sin míbhuntáiste comparáideach do thionscal an Aontais i gcomparáid leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín.

(184) Ina theannta sin, bunaithe ar an bhfoinse a sholáthair Autlan ([38]), tá an táirgeadh mianach de mhian mhangainéise sa tSín ar an gceathrú ceann is mó sa domhan, i ndiaidh na hAfraice Theas, na Gabúine agus na hAstráile, agus tá an tSín fós in ann brath ar olltaiscí méine; tá mianaigh méine mangainéise ag dhá cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin EMD sampláilte sa tSín, i.e. tá siad comhtháite go hingearach ([39]) agus úsáideann siad na mianta mangainéise intíre chun an táirge faoi imscrúdú a tháirgeadh. An tráth céanna, braitheann táirgeoirí EMD an Aontais ar sholáthairtí na méine mangainéise ó thríú margaí. Chinn an Coimisiún, dá bhrí sin, cé go bhfuil mian mhangainéise ar fáil do thionscal an Aontais, go bhfuil sé ar fáil ar phraghas níos airde ná mar atá ar fáil dá iomaitheoirí sa tSín. Dá bhrí sin, tá tionscal an Aontais faoi mhíbhuntáiste i leith táirgeoirí onnmhairithe na Síne.

(185) Mhaígh Guiliu, de réir na foinse a cuireadh ar fáil ([40]), go bhfuil margadh méine mangainéise na Síne comhdhéanta de bhreis agus 80-95 % allmhairí agus dá bhrí sin nach bhfuil saobhadh sa mhargadh méine mangainéise sa tSín. Ina theannta sin, baineann táirgeadh intíre agus mianadóireacht mianta mangainéise sa tSín le mianta ar leibhéal íseal mangainéise, go príomha, agus baineann formhór an tomhaltais agus an éilimh le mianta mangainéise ardghráid.

(186) Mar a luaitear in aithris (183) thuas, úsáideann táirgeoirí EMD sa tSín, lena n-áirítear dhá cheann de na cinn sampláilte, na mianta mangainéise intíre chun an táirge faoi imscrúdú a tháirgeadh, d'ainneoin an cion íseal mangainéise a mhaítear atá iontu. Tá buntáiste éagóir ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín, ós rud é go bhfuil rochtain acu ar phraghsanna atá níos ísle ná mar atá réasúnach ar mhian mangainéise intíre de bharr na rialachán intíre a mhínítear in aithrisí (170) go (173). Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaíomh an pháirtí.

6.2.1.3. Éifeacht ar shlabhraí soláthair do chuideachtaí an Aontais

(187) Mar a míníodh in aithris (306) den Rialachán sealadach, is chun ceallraí cille tirime carbóin since agus alcaileacha a tháirgeadh is mó a úsáidtear EMD, is é sin, os cionn 90 % den úsáid a bhaintear as. Is iad na trí tháirgeoir mhóra ceallraí san Aontas na príomh-úsáideoirí (ach tá táirgeoirí eile ann). Chomhoibrigh dhá cheann de na táirgeoirí ceallraí sin leis an imscrúdú, Varta agus Duracell, arb é a sciar agus [67-73] % den tomhaltas EMD san Aontas. Mar a tugadh faoi deara in aithris (179), thug an dá úsáideoir chomhoibríocha a bhfreagra ar na ceisteanna maidir le leas an Aontais faoi Airteagal 7(2b) den bhun-Rialachán.

(188) Bhí an dá úsáideoir chomhoibríocha i gcoinne na mbeart níos airde, agus mhaígh siad go ndéanfadh siad difear díréireach dá dtáirgeadh ceallraí cille tirime do thomhaltóirí, a bhraith go mór ar allmhairí ón tír lena mbaineann, go háirithe le haghaidh EMD ardcháilíochta, mar ar tugadh tuairisc air in aithris (127) thuas, agus nach raibh malairt rogha inmharthana acu. Mhaígh Duracell gur rud fíor-riachtanach é an cumas a bheith ag úsáideoirí chun soláthróirí a athrú agus a bhfoinsiú a éagsúlú agus measúnú á dhéanamh ar cé acu is féidir na bearta frithdhumpála a fhorchur ar an gcorrlach dumpála níos airde nó nach féidir: (i) d'athdhearbhaigh nach raibh tionscal an Aontais faoi láthair in ann rogha inmharthana a thairiscint d'úsáideoirí an Aontais, agus (ii) go raibh soláthairtí EMD ó thríú tíortha an-teoranta ó thaobh na gcainníochtaí a bhí ar fáil dóibh, go raibh siad costasach, agus nár deimhníodh iad go fóill leis an dá úsáideoir chomhoibríocha. Meabhraítear, mar gheall ar cheanglais inphróiseáilteachta maidir le EMD a bheith á úsáid ag úsáideoirí an Aontais agus ceallraí á dtáirgeadh acu, ní mór EMD a dhul faoi thástáil agus nósanna imeachta formheasa diana sula bhfaigheann sé deimhniú le haghaidh úsáid thionsclaíoch. Dá bhrí sin, bhain próiseas fada le foinse nua EMD a dheimhniú, agus ní raibh aon chinnteacht ann go n-éireodh leis.

([38]) Foinse: U.S. Geological Survey, Mineral Commodity Summaries, Eanáir 2022, https://pubs.usgs.gov/periodicals/mcs2022/mcs2022-manganese.pdf

([39]) Xiangtan Electrochemical Scientific Ltd agus Guangxi Daxin Huiyuan New Energy Technology Co., Ltd (foinse: iarscríbhinn 2, t23.004362, 28/09/2023).

([40]) https://baijiahao.baidu.com/s?id=1772377473207861712&wfr=spider&for=pc

(189) Mhaígh an dá úsáideoir chomhoibríocha go bhfágfaí úsáideoirí an Aontais neamhbhrabúsach mar thoradh ar bhearta frithdhumpála a fhorchur ag an gcorrlach dumpála níos airde. Dúirt siad freisin go raibh tionscal monaraíochta ceallraí an Aontais ina iomláine faoi bhrú cheana féin maidir le bheith brabúsach de bharr an mhéadaithe ar chostas na n-amhábhar eile a úsáidtear i dtáirgeadh a dtáirgí, amhail costais fuinnimh níos airde, agus nach raibh ach cumas an-teoranta acu an méadú tábhachtach ar chostas a chur ar aghaidh chuig a gcustaiméirí deiridh, ós rud é go raibh margadh na gceallraí go mór faoi thionchar praghsanna, agus go raibh úsáid ceallraí ó bhrandaí éagsúla inmhalartaithe, d'ainneoin aitheantas branda a bheith ann. Bhí brú ar bhrabúsacht de bharr an mhéadaithe ar chostais táirgthe agus treisíodh an brú sin le méadú comhuaineach ar iomaíocht i margaí ceallraí an Aontais agus an domhain, ó iomaitheoirí nach de chuid an Aontais iad, go háirithe iomaitheoirí ón tSín. Ar deireadh, bhí na tionchair thar a bheith díobhálach ar úsáideoirí ann toisc nár cuireadh riail na dleachta is lú chun feidhme, bhí siad níos tromchúisí ná na tionchair dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag dleachtanna frithdhumpála níos ísle ar thionscal iomlán an Aontais. Seachas sin, ní raibh aon rud ag léiriú go spreagfadh na bearta frithdhumpála sin tionscal an Aontais chun na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh i bhfeabhsúchán ardcháilíochta, ach gur mó seans go neartófaí dé-oplacht táirgeoirí EMD an Aontais a bhí ann cheana féin, rud a thabharfadh deis dóibh praghsanna a shocrú gan infheistiú i nuálaíocht.

(190) Ar dtús, rinne an Coimisiún ionsamhlúcháin ar bhrabúsacht an dá úsáideora comhoibríocha ar bhonn na gcorrlach dumpála agus díobhála cinntitheach, ag glacadh leis go bhfanfaidh foinsí agus méideanna ceannachán EMD agus láimhdeachais a baineadh amach ar tháirgí iartheachtacha comhionann leis na cinn sa tréimhse imscrúdúcháin. Rinneadh coigeartú ar chostais amhábhar, leictreachais, agus saothair, i gcás ina raibh fáil orthu, chun na hathruithe i ndiaidh na tréimhse imscrúdúcháin a léiriú. Suíodh le torthaí na n-ionsamhlúchán go ndéanfaí difear tromchúiseach ar bhealach diúltach do bhrabús bliantúil foriomlán úsáideora amháin go háirithe dá bhforchuirfí dleachtanna ar allmhairí ón tSín de bhun Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán (bheadh an t-úsáideoir neamhbhrabúsach dá bharr). Ní fhéadfadh an t-úsáideoir sin costas na dleachta frithdhumpála ardleibhéil a ionsú laistigh dá ghníomhaíochtaí eile ar leibhéal an ghrúpa. Dhéanfaí difear do bhrabús bliantúil foriomlán an úsáideora eile freisin, ach ar bhonn níos lú. An tráth céanna, fiú má mheastar, mar gheall ar an bhfaoiseamh a thairgtear le bearta níos airde, go mbeadh tionscal an Aontais in ann níos mó méideanna a dhíol leis na húsáideoirí ar phraghsanna iomaíocha, dá ndúnfaí ceann de na húsáideoirí a ghnó san Aontas, chaillfeadh táirgeoirí EMD an Aontais níos mó ná aon trian dá méid díolachán féin. Dhéanfadh sé sin díobháil mhór do thionscal an Aontais i bhfianaise thábhacht na méideanna a dhíoltar leis na húsáideoirí sin, arb iad a bpríomhchustaiméirí iad, mar a mhínítear in aithris (306) den Rialachán sealadach.

(191) Ar an dara dul síos, rinne an Coimisiún ionsamhlúchán dinimiciúil ar bhrabúsacht an dá úsáideora chomhoibríocha ar bhonn na gcorrlach dumpála cinntitheach, ag glacadh leis go gcuirfeadh na húsáideoirí méadú 3 % ar a bpraghsanna díola ceallraí alcaileacha ([41]). Suíodh le toradh an ionsamhlúcháin sin go mbeadh úsáideoir amháin fós neamhbhrabúsach. Dhéanfaí difear diúltach do bhrabús bliantúil foriomlán an úsáideora eile fós, ach ar bhonn i bhfad níos lú. Mar sin féin, d'áitigh Duracell nach raibh na húsáideoirí in ann méaduithe costais a chur ar aghaidh chuig a gcustaiméirí deiridh go hiomlán i ngeall ar iomaíocht dhian. Thacaigh feabhsuithe ar fheidhmíocht ceallraí le haon mhéadú ar phraghas a bhí ann roimhe sin. Ina theannta sin, ní raibh na húsáideoirí in ann na méaduithe ar chostais na n-amhábhar, a raibh méadú géar ag teacht orthu, a chur ar aghaidh chuig a gcustaiméirí i ngeall ar an méadú ar allmhairí ceallraí ar cháilíocht inchomparáide ón tSín. Ach bearta frithdhumpála a fhorchur ar leibhéal níos airde an chorrlaigh dumpála, bheadh an iomaíocht ar phraghsanna ceallraí tomhaltóra idir an tAontas agus táirgeoirí na Síne níos deacra fós, ag cur san áireamh an míbhuntáiste a bheadh ag úsáideoirí an Aontais in aghaidh a n-iomaitheoirí sa tSín a fhaigheann a n-ionchuir EMD ó sholáthróirí gan aon dleachtanna.

(192) Ar an tríú dul síos, rinne an Coimisiún ionsamhlúchán dinimiciúil ar bhrabúsacht an dá úsáideora comhoibríocha ar bhonn na gcorrlach dumpála cinntitheach freisin, ag glacadh leis go n-aistreodh an t-úsáideoir a d'fhéadfadh a bheith neamhbhrabúsach a sholáthairtí EMD Síneacha uile chuig a tháirgeoir onnmhairiúcháin deimhnithe agus sampláilte a raibh dleacht frithdhumpála níos ísle bunaithe ina leith. Suíodh le toradh an ionsamhlúcháin sin go mbeadh an t-úsáideoir sin fós neamhbhrabúsach.

(193) Ar an gceathrú dul síos, mheas an Coimisiún ionsamhlúchán hipitéiseach inar chuir na húsáideoirí allmhairí ón gColóim agus ón tSeapáin in ionad a n-allmhairí uile ón tSín, ar mheánphraghsanna allmhairiúcháin ó na tíortha sin isteach san Aontas le linn an imscrúdaithe. Go deimhin, mhaígh Tosoh gur thíortha onnmhairiúcháin tábhachtacha ab ea an tSeapáin, an Chóiré Theas, agus an Rúis freisin, agus mhaígh Autlan go raibh EMD á allmhairiú ón gColóim ag monarcha thar lear de chuid ceann de na húsáideoirí cheana féin. Mar a suíodh i Roinn 4.3.1 agus i Roinn 5.2.1 den Rialachán sealadach, as na tíortha thuasluaite sin, níor onnmhairigh ach an Cholóim agus an tSeapáin EMD isteach san Aontas agus, ar an gcúis sin, níor breithníodh ach na tíortha sin san ionsamhlúchán sin. Mar sin féin, mheas an Coimisiún nach dócha ar chor ar bith go n-aistreodh úsáideoirí go dtí

([41]) Chonacthas méadú comhchosúil ar phraghsanna ceallraí ó 2021 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin san Aontas.

EMD a allmhairiú ó aon tríú tír, ós rud é (i) nárbh ann d'acmhainneachtaí breise sna tríú tíortha sin agus gur fhreastail siad ar a margaí dílse nó ar mhargaí gar dóibh, go stairiúil, (ii) nach raibh sé costéifeachtach riamh d'úsáideoirí an Aontais allmhairiú ó thríú margaí seachas an Cholóim, agus go dtaispeánann na staitisticí go bhfuil na hallmhairí sin an-íseal, go stairiúil, (iii) nár dheimhnigh an dá úsáideoir chomhoibríocha ón Aontas aon cháilíocht EMD ó na foinsí sin, rud a d'fhág gur réiteach fadtéarmach é sa chás ab fhearr.

(194) Ar an gcúigiú dul síos, bhreithnigh an Coimisiún ionsamhlúchán hipitéiseach ina mhéadaigh táirgeoirí EMD an Aontais a n-acmhainneachtaí táirgthe tar éis fhorchur na mbeart frithdhumpála. Bheadh sé sin dodhéanta, áfach, i ngeall ar éifeacht láithreach na dleachta ar leibhéal an chorrlaigh dumpála ar aon úsáideoir sonrach amháin, ós rud é go bhféadfadh sé go gcaillfeadh tionscal EMD an Aontais níos mó ná aon trian dá ndíolacháin, dá dtiocfadh an t-úsáideoir sin de bheith neamhbhrabúsach agus dá gcaillfeadh sé a ghnó. Dá bhrí sin, ní bheadh aon mhéadú ar acmhainneachtaí táirgeachta ag tionscal EMD an Aontais indéanta, dá bhforchuirfí an dleacht ar leibhéal an chorrlaigh dumpála.

(195) Ar deireadh, bhí tuairim is 1 850 fostaí i dtionscal iartheachtach na n-úsáideoirí (táirgeoirí ceallraí tomhaltóra) sa tréimhse imscrúdúcháin, líon ba mhó go suntasach ná an líon fostaithe [130-142] i dtionscal EMD an Aontais. Dá bhrí sin, dá bhforchuirfí an dleacht frithdhumpála ar leibhéal na gcorrlach dumpála, chuirfí méid mór post i mbaol mar gheall ar na torthaí diúltacha airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ag na húsáideoirí iartheachtacha.

6.2.1.4. Tosca eile

(196) Mhaígh Tosoh go raibh riosca mór ann go bhféadfaí onnmhairí a chur ar aghaidh tríd an onnmhaireoir gan dleacht ar bith i gcás ina bhforchuirfí na bearta frithdhumpála ar dhíobháil, i bhfianaise chineál an gheilleagair sa tSín agus cumas rialtas na Síne onnmhairí a threorú agus a stiúradh trí rannpháirtithe margaidh áirithe. Os a choinne sin, bheadh na dleachtanna a fhorchuirtear i bhfad níos aonfhoirmí dá ndéanfaí neamhaird ar an gcorrlach díobhála, rud a laghdódh an riosca imchéimnithe.

(197) Thug an Coimisiún dá aire gur ar éigean a d'fhéadfadh ráta dleachta nialasach a bheith ag baint le haon riosca maidir le honnmhairí a threorú, i bhfianaise líon an-bheag gníomhaithe sa mhargadh agus an gá atá ag úsáideoirí ábhar deimhnithe a bheith acu. In aon chás, mar a mhínítear in aithris (228) thíos, bheartaigh an Coimisiún bearta speisialta freisin chun cur i bhfeidhm cuí dleachtanna aonair a áirithiú. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh seirbhísí ábhartha an Choimisiúin aon athruithe ar na patrúin trádála a shainaithint go héasca agus aghaidh a thabhairt orthu.

(198) Thug Tosoh faoi deara freisin go mbeadh buntáiste iomaíochta ag allmhairí an táirge faoi imscrúdú ón tSín i ngeall ar an rialú éagsúil ar astaíochtaí gás ceaptha teasa idir an tSín agus an tAontas, ós rud é nach n-áirítear an táirge faoi imscrúdú ar liosta sealadach an tSásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha ('SCCT'). Os a choinne sin, trí bhearta a fhorchur ar an táirge faoi imscrúdú, chuirfí cóir chothrom agus coinníollacha trádála comhionanna chun cinn.

(199) Thug an Coimisiún dá aire gurbh é ab aidhm do na bearta frithdhumpála ná cóirthrádáil idir an tAontas agus a chomhpháirtithe trádála a athbhunú, agus nach raibh éifeachtaí an SCCT faoi raon feidhme an imscrúdaithe reatha.

(200) Mhaígh an táirgeoir céanna ón Aontas thairis sin go dtabharfadh dleachtanna frithdhumpála arna bhforchur ar leibhéal an chorrlaigh dumpála cosaint do thionscal EMD an Aontais leanúint de bheith ann, cosaint do shlándáil an tsoláthair EMD, agus dá bharr sin, cosaint do tháirgeadh ceallraí cille tirime san Aontas. Leis an dleacht frithdhumpála idir 18 % agus 50 % ar allmhairí ón tSín, ní dhéanfaí difear do chostas táirgthe mhonaróirí ceallraí cille tirime an Aontais ach go feadh méid níos lú ná idir 3 % agus 7,5 %. Thairis sin, i bhfianaise na leibhéal díobhála agus an bhrú iomaíoch a thagann as foinsí eile soláthair EMD, bheadh sé mícheart glacadh leis go dtiocfadh méadú ar phraghsanna EMD de thionscnamh an Aontais a bheadh gar do choibhéis iomlán na ndleachtanna dumpála arna bhforchur.

(201) I ndiaidh na ndleachtanna frithdhumpála cinntitheacha athríofa thuas (aithris (98) thuas) agus na hanailíse ar an éifeacht ar shlabhraí soláthair do chuideachtaí an Aontais (aithrisí (190)-(195) thuas), chuirfeadh na dleachtanna frithdhumpála arna bhforchur ar leibhéal níos airde an chorrlaigh dumpála bagairt dhíreach ar thionscal EMD an Aontais trí chaillteanas féideartha [35 % - 40 %] do mhéid a ndíolachán. Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaíomh an pháirtí.

6.2.1.5. Barúlacha na bpáirtithe tar éis an nochta deiridh

(202) Tar éis an nochta deiridh, chuir Autlan agus Tosoh i gcoinne anailís an Choimisiúin i roinn 6.2.1.3. thuas.

(203) Chuir Tosoh in iúl nár chomhoibrigh ceann de na trí mhórúsáideoir, Advanced Power Solutions NV ('APS'), san imscrúdú. Luaigh Tosoh ansin Airteagal 7(2b) den bhun-Rialachán, ag sonrú *'[i]n éagmais comhoibriú, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh go bhfuil sé i gcomhréir le leas an Aontais mír 2a den Airteagal seo a chur i bhfeidhm'*, agus é á mhaíomh gur cheart don Choimisiún a thuiscint ón neamh-chomhoibriú sin nach mbeadh forchur dleachtanna ar an leibhéal níos airde (corrlach frithdhumpála) in aghaidh a leasa, nó gur cheart go mbeadh anailís déanta, ar a laghad, ar thuarascálacha airgeadais APS atá ar fáil go poiblí ina anailís.

(204) Tugann an Coimisiún dá aire, a chonclúid in aithris (214) maidir leis an éifeacht dhiúltach is dócha a bheadh ag an dleacht níos airde ar an leibhéal dumpála ar shlabhraí soláthair i gcás chuideachtaí an Aontais, go raibh sí bunaithe ar fhaisnéis a bhí ar fáil maidir leis an dá úsáideoir comhoibríocha arb é atá acu [67–73] % de thomhaltas EMD an Aontais, chomh maith le tionscal EMD an Aontais féin. Bhí meáchan an úsáideora neamh-chomhoibríoch i dtomhaltas an Aontais níos lú ná aon trian agus ní raibh aon fhaisnéis chuí-réasúnaithe sa cháschomhad a chuirfeadh ar ceal conclúid an Choimisiúin in aithris (214). Dá bhrí sin, diúltaíodh d'argóint an pháirtí.

(205) D'áitigh Tosoh agus Autlan freisin go raibh ionsamhlúcháin bhrabúsachta an Choimisiúin lochtach toisc go gcuireann siad san áireamh éifeachtaí na méaduithe móra ar chostais i ndiaidh na tréimhse imscrúdúcháin (nó cuid díobh), costais a bhaineann le ceallraí a tháirgeadh, agus nár léirigh siad méaduithe réalaíocha ar phraghsanna ceallraí, go háirithe i bhfianaise méaduithe ar phraghsanna tomhaltóirí san Aontas. D'áitigh Tosoh freisin nár chuir an Coimisiún faisnéis nithiúil ar fáil maidir leis an bhfáth ar theorannaigh sé a ionsamhlú 'dinimiciúil' go 3 % in 2022. Thairis sin, d'áitigh Tosoh nár shonraigh an Coimisiún cén chaoi nach bhfuil an chonclúid 'mícheart go follasach' i bhfianaise na sonraí ón tréimhse i ndiaidh na tréimhse imscrúdúcháin, agus nár shonraigh sé cé acu atá nó nach bhfuil na sonraí sin a úsáidtear 'follasach, gan cheistiú, agus buan, nach bhfuil siad oscailte do chúbláil agus nach n-eascraíonn siad as gníomhaíochtaí a rinne páirtithe leasmhara d'aon ghnó', agus conclúidí an Choimisiúin i gcásanna roimhe seo á lua aige ([42]).

(206) Thug an Coimisiún dá aire i ndáil leis sin, chun go mbeidh na hionsamhlúcháin bhrabúsachta chomh hábhartha do réaltachtaí reatha an mhargaidh, nach ndearna sé ach costais tuairiscithe amhábhar, ([43]) leictreachais ([44]) agus costais saothair úsáideoirí an ([45]) Aontais a choigeartú, toisc go bhféadfaí na coigeartuithe sin a dhéanamh ar bhonn na faisnéise fíoraithe a chuir na páirtithe isteach nó ar bhonn sonraí atá ar fáil go poiblí, agus rinneadh é sin chun a áirithiú go bhfuil na sonraí a úsáidtear iontaofa. Thug an Coimisiún dá aire thairis sin nár thug páirtithe bunús leis an gcúis nach raibh an méadú 3 % ar phraghas ceallraí a áiríodh san ionsamhlú in aithris (191) réalaíoch. Mar a tugadh faoi deara in aithris (191), tharla an méadú sin san am a chuaigh thart freisin agus bhí sé bunaithe ar shonraí fíoraithe na n-úsáideoirí comhoibríocha agus bhí sé sonrach do cheallraí tomhaltóra, murab ionann agus an t-innéacs praghsanna do thomhaltóirí lena mbaineann ciseán margaidh d'earraí agus de sheirbhísí tomhaltais éagsúla. Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaíomh na bpáirtithe.

(207) Líomhain Autlan agus Tosoh araon go gciallaíonn conclúid an Choimisiúin a rinneadh in aithris (194) go gcuirfeadh éifeacht láithreach na ndleachtanna a fhorchuirtear ar leibhéal an chorrlaigh dumpála stop le táirgeadh ceann de na húsáideoirí. Shoiléirigh an Coimisiún nárbh é sin an léirmhíniú ceart ar an gconclúid a cuireadh i láthair san aithris sin. Is é an éifeacht láithreach a bheadh ag dleachtanna níos airde den sórt sin ar an úsáideoir go dtiocfadh méadú ar a chostas táirgthe, rud a fhágann, mar atá in aithris (194), go gcaillfí an gnó sin.

([42]) Rialachán (CE) Uimh. 215/2002 ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí fearó-mholaibdéineam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO L 35, 6.2.2002, lch. 1), aithris 14, agus Rialachán (CE) Uimh. 437/2004 ón gComhairle an 8 Márta 2004 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí breac dea-dhathach mór de thionscnamh na hIorua agus Oileáin Fharó, (IO L 72, 11.3.2004, lch. 23), aithris 26, faoi seach.

([43]) Athrú ar phraghas méine mangainéise ón tréimhse imscrúdúcháin go 2023 bunaithe ar shonraí ó fastmarkets.com.

([44]) Praghsanna leictreachais AE27 ar úsáid neamhtheaghlaigh sa chéad leath de 2023 i gcomparáid leis an tréimhse imscrúdúcháin (foinse: Eurostat - https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/nrg_pc_205/default/table?lang=en, arna rochtain an 22 Nollaig 2023).

([45]) Rinneadh tuarastail i gcás Duracell a choigeartú leis an ráta innéacsaithe tuarastail le haghaidh 2023 arna shainordú ag an gComhchoiste Tionsclaíochta (JIC 200) sa Bheilg. Coigeartaíodh costais saothair Varta bunaithe ar fhianaise a chuir Varta isteach maidir le tuarastail athchaibidlithe.

(208) Chomh maith leis sin, cheistigh Tosoh conclúid an Choimisiúin, an méadú ar chostais mhonaraíochta na n-úsáideoirí dá bhforchuirfí na dleachtanna ar leibhéal an chorrlaigh dumpála, nach féidir iad a chur ar aghaidh chuig tomhaltóirí, go háirithe toisc gur thug an Coimisiún dá aire in aithris (311) den Rialachán sealadach gur féidir 'cuid den mhéadú sin ar chostais a chur ar aghaidh chuig tomhaltóirí.' Thug an Coimisiún dá aire i ndáil leis sin go raibh sé ag iarraidh cothromaíocht chóir a aimsiú chun a chinneadh cén leibhéal den mhéadú ar chostais a d'fhéadfaí cur ar aghaidh chuig tomhaltóirí agus, ar an mbealach sin, cén leibhéal de mhéadú ar chostais a bheadh indéanta d'úsáideoirí comhoibríocha. Mar a suíodh cheana in aithris (311) den Rialachán sealadach, ní fhéadfaí ach cuid de na méaduithe costais a tháinig as dleachtanna a fhorchur ar leibhéal na gcorrlach níos ísle, na leibhéil ghearrdhíola, a chur ar aghaidh chuig tomhaltóirí. Dá bhforchuirfí dleachtanna ar an leibhéal corrlaigh dumpála níos airde, thiocfadh méadú breise fós ar chostais, rud a d'fhágfadh go mbeadh sé níos deacra fós an méadú costais níos airde sin a chur ar aghaidh chuig tomhaltóirí. Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaíomh an pháirtí.

(209) Ina theannta sin, chuir Autlan na maímh a rinne Varta i láthair ina phreaseisiúint a rinneadh an 14 Samhain 2023, inar mhaíonn Varta feabhsuithe ina ghnó, ([46]) rud a thagann salach ar chonclúidí an Choimisiúin maidir le brabúsacht dhiúltach na n-úsáideoirí. Thug an Coimisiún dá aire i ndáil leis sin, cé go bhfuil léargas dearfach sna ráitis sin, nach léiríonn siad staid airgeadais inchainníochtaithe atá ábhartha don mheasúnú ar bhrabúsacht an úsáideora. Ina chásanna hipitéiseacha, ar an taobh eile, bhí an Coimisiún ag brath ar shonraí gráinneacha fíoraithe a chuir na húsáideoirí comhoibríocha ar fáil le linn an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaíomh an pháirtí toisc nár tugadh bunús leis.

(210) D'áitigh Autlan freisin gurb é an bhunchúis le staid dhainséarach úsáideoirí an Aontais ná allmhairí dumpáilte de cheallraí cille tirime tomhaltóra ón tSín, seachas an costas a bhaineann le EMD a sholáthar. Os a choinne sin, mhaígh Tosoh gurb é a bhí i gceist le hallmhairí ceallraí cille tirime tomhaltóra na Síne a chur san áireamh mar fhachtóir san anailís in aithris (191) thuas, ceist na gcleachtas dumpála féideartha i dtáirgí (ceallraí tomhaltóra tirime) nach mbaineann leis an imscrúdú reatha a ardú. Thug an Coimisiún dá aire nach raibh sé faoi raon feidhme an nós imeachta sin meastachán a dhéanamh ar na cleachtais dumpála a maíodh maidir le ceallraí cille tirime tomhaltóra. Dá bhrí sin, níor mhór diúltú don bharúil a rinne Autlan. An tráth céanna, murab ionann agus maíomh Tosoh, ní raibh an Coimisiún ag ardú ceiste faoi chleachtais dumpála a bhaineann le hallmhairí ceallraí cille tirime tomhaltóra ón tSín, ach níor aithin sé ach go bhfuil na hallmhairí sin i margadh an Aontais in iomaíocht le ceallraí a dhéanann úsáideoirí an Aontais. Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaíomh an pháirtí.

(211) Mhaígh Autlan nach ndearna an Coimisiún anailís leormhaith ar éifeachtaí ar shlabhraí soláthair na n-úsáideoirí agus d'áitigh, go bunúsach, dá bhforchuirfí na dleachtanna ar leibhéal an chorrlaigh gearrdhíola, nach ndéanfaí tionscal an Aontais a chosaint go leormhaith agus nach mbeadh sé fós in ann téarnamh ó dhumpáil dhíobhálach. Thairis sin, bheadh sé sin contrártha do leas an Aontais i bhfianaise thionscnamh an Choimisiúin maidir le hAmhábhair Chriticiúla, ([47]) ina liostaítear mangainéis de ghrád ceallraí mar cheann de na hamhábhair straitéiseacha. Mheabhraigh an Coimisiún go raibh bearta frithdhumpála ann chun trádáil chóir a athbhunú agus chun measúnú a dhéanamh ar an leibhéal dleachtanna a bheadh leordhóthanach chun deireadh a chur le díobháil do thionscal an Aontais, mar a luaitear in aithris (282) agus mar a tugadh i gcrích in aithrisí (295) — (297) den Rialachán sealadach. An tráth céanna, mar a luaitear in aithris (179), déantar leis seo an anailís ar an éifeacht a bheadh ag dleachtanna éagsúla ar an Aontas ina iomláine i gcomhthéacs na tástála maidir le leas an Aontais de bhun Airteagal 7(2b) den bhun-Rialachán, i gcás ina gcuirtear an éifeacht ar thionscal an Aontais agus ar úsáideoirí an táirge atá faoi imscrúdú san áireamh. Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaíomh an pháirtí.

(212) Ina dhiaidh sin, chuir Tosoh agus Autlan i gcoinne na n-ionsamhlúchán hipitéiseach a chuir an Coimisiún i láthair in aithrisí (192)-(193), ag maíomh go ndéanfadh na húsáideoirí a soláthairtí a éagsúlú a mhéid is féidir, lena n-áirítear ceannacháin mhéadaithe ó thionscal an Aontais. Dúirt an Coimisiún i ndáil leis sin gur mheas an Coimisiún, faoin dá ionsamhlúchán sin, arb iad na cásanna is dóchasaí, inar cuireadh na roghanna is iomaíche ó thaobh costais de in ionad iomlán na soláthairtí a raibh tionchar ag na corrlaigh dumpála is airde orthu (laistigh den tSín in aithris (192) nó go hiomlán ó thríú margaí eile in aithris (193)). Dá bhrí sin, measadh cheana féin sna cásanna sin na torthaí is fearr a d'fhéadfadh na húsáideoirí a bhaint amach go teoiriciúil. Chuir an Coimisiún leis sin freisin, trí na cúig

([46]) Ar fáil ag: https://www.varta-ag.com/en/about-varta/news/details/varta-ag-achieves-best-quarter-of-the-current-financial-year-to-date (arna rochtain an uair dheiridh an 31 Eanáir 2024).

([47]) Féach Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 168/2013, (AE) 2018/858, 2018/1724 agus (AE) 2019/1020, Airteagal 1, atá ar fáil ag https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52023PC0160 (arna rochtain an uair dheiridh an 31 Eanáir 2024).

ionsamhlúchán in aithrisí (190) – (194), go ndearna an Coimisiún measúnú, bunaithe ar na sonraí a bhí ar fáil aige, ar an dóchúlacht go mbeadh bealaí éagsúla ann ina bhféadfadh úsáideoirí comhoibríocha déileáil le costais níos airde EMD a fhaightear óna soláthróirí sa tSín faoi láthair, agus na héifeachtaí is dócha a bheadh acu sin ar a mbrabúsacht. Dá bhrí sin, ba cheart an anailís faoi na hionsamhlúcháin sin a mheas ina n-iomláine, seachas breathnú ar ionsamhlúcháin ina n-aonar. Ós rud é nár léirigh beagnach aon cheann de na hionsamhlúcháin torthaí dearfacha do na húsáideoirí comhoibríocha, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, ar an iomlán, gur dhócha go mbeadh tionchar diúltach ag forchur dleachtanna ar leibhéal na gcorrlach dumpála ar na húsáideoirí, agus nach mbeadh mórán spáis acu chun athrú a dhéanamh. Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaímh na bpáirtithe.

(213) Ar deireadh, d'áitigh Tosoh nár tugadh a chearta próisis dó de dheasca neamhnochtadh le linn an imscrúdaithe, rud a d'fhág go raibh teorainneacha ann maidir le bunús na sonraí agus na modheolaíochtaí a úsáideadh i measúnú an Choimisiúin ar éifeacht na ndleachtanna dumpála ar thionscal na n-úsáideoirí a fhíorú. Thug an Coimisiún dá aire go raibh an fhaisnéis a chuir na húsáideoirí comhoibríocha isteach, ar ar bhunaigh sé a chonclúidí tar éis dó í a fhíorú, ar fáil ar chomhad an cháis le linn an imscrúdaithe. Dá bhrí sin, diúltaíodh don argóint sin.

6.2.1.6. Conclúid maidir le leas an Aontais faoi Airteagal 7(2b) den bhun-Rialachán

(214) Ar an mbonn sin, bhreithnigh an Coimisiún na gnéithe uile go cúramach agus ní raibh sé in ann teacht ar an gconclúid go bhfuil sé chun leasa an Aontais an méid dleachtanna a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 7(2a), is é sin nach raibh sé chun leas an Aontais leibhéal na mbeart a shocrú ar leibhéal na dumpála i bhfianaise na héifeachta is dócha a bheadh aige sin ar shlabhraí soláthair do chuideachtaí an Aontais, éifeacht a bheadh diúltach go díréireach. Dheimhnigh an Coimisiún dá bhrí sin gur cheart na bearta a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den bhun-Rialachán, ar bhonn corrlach gearrdhíola.

6.3. **Conclúid maidir le leibhéal na mbeart**

(215) De réir an mheasúnaithe thuas, is mar a leanas ba cheart dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den bhun-Rialachán:

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála chinntitheach(%)
Daon-Phoblacht na Síne	Xiangtan	8,6
	Guiliu	0
	Daxin	17,1
	Cuideachtaí comhoibríocha eile	10,1
	Gach cuideachta eile	35,0

7. LEAS AN AONTAIS

7.1. Leas thionscal an Aontais

(216) Tar éis an nochta shealadaigh, mhaígh CCCMC agus GMIA go raibh margadh EMD an Aontais roimh 2020 neamh-iomaíoch (dé-oplacht), ós rud é nach raibh ach dhá tháirgeoir ann a raibh a n-acmhainneachtaí in ann éileamh an Aontais a chomhlíonadh go stairiúil agus a bhí brabúsach, ós rud é go bhféadfaidís na méaduithe uile ar chostais a chur ar aghaidh chuig a gcustaiméirí. Dá bhrí sin, ní féidir údar a thabhairt le praghsanna iomarcacha tháirgeoir an Aontais, le figiúirí do spriocbhrabús/corrlach díobhála, ná le laghdú praghais tháirgeoir an Aontais, ó cuireadh an iomaíocht éifeachtach ar bun arís i margadh EMD an Aontais sa dara leath den thréimhse faoi bhreathnú trí allmhairí ón tSín. Dá gcuirfí an dé-oplacht ar bun arís leis na bearta frithdhumpála, dhéanfadh sé sin díobháil don iomaíocht i margadh an Aontais agus bheadh éifeacht dhiúltach aige ar na táirgeoirí iartheachtacha san fhadtéarma.

(217) Mar a thug an Coimisiún faoi deara in aithris (286) den Rialachán sealadach, ní raibh baint ach ag líon teoranta táirgeoirí ceimiceán sa domhan leis an bpróiseas táirgthe EMD. Ní raibh ann ach dhá tháirgeoir de chuid an Aontais ar éirigh leo brabús a dhéanamh le linn an chéad leath den tréimhse faoi bhreathnú, ach níor chruthaigh sé sin staid neamhiomaíoch i margadh an Aontais, ós rud é go ndearnadh soláthar do thomhaltas i margadh an Aontais ag táirgeoirí de chuid an Aontais agus ag na tíortha allmhairiúcháin uile a bhí le fáil ina raibh táirgeadh EMD, lena n-áirítear an tSín. Ina theannta sin, ní chruthaíonn na dleachtanna frithdhumpála an staid neamhiomaíoch i margadh an Aontais, ach áirithíonn siad iomaíocht chóir idir an tAontas agus táirgeoirí onnmhairiúcháin na tíre lena mbaineann. Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaíomh an pháirtí.

(218) In éagmais barúlacha eile, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (301) go (303) den Rialachán sealadach.

7.2. **Leas na n-allmhaireoirí/na dtrádálaithe neamhchomhlachaithe**

(219) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí, conclúidí a leagtar amach in aithrisí (304) go (305) den Rialachán sealadach.

7.3. **Leas úsáideoirí**

(220) Tar éis an nochta shealadaigh, mhaígh Duracell nár measadh i gceart tionchar na mbeart frithdhumpála ar úsáideoirí an Aontais ó thaobh costais de sna torthaí sealadacha, agus nár tugadh aon fhianaise mar bhonn taca le brabúsacht úsáideoirí an Aontais. Ar deireadh, dhearbhaigh an dá úsáideoir chomhoibríocha go dtiocfadh úsáideoirí an Aontais chun bheith neamhbhrabúsach mura gcuirfí riail na dleachta is lú i bhfeidhm, rud a chuirfeadh marthanas a n-oibríochtaí san Aontas i mbaol.

(221) Mar a soláthraíodh sna torthaí sealadacha, bhí an anailís ar shonraí na n-úsáideoirí bunaithe ar fhreagraí fíoraithe ar an gceistneoir a sholáthair na húsáideoirí sin, ag cur san áireamh na sonraí ar fhoinsí, méideanna agus praghsanna ceannachán roimh dhleachtanna, agus láimhdeachas a baineadh amach ar tháirgí iartheachtacha, lena n-áirítear an leibhéal brabúsachta a baineadh amach in 2021-2022. Go deimhin, tugadh faoi deara go raibh brabúsachta na n-úsáideoirí ag dul i laghad sna blianta seo. Mar sin féin, mheas an Coimisiún, dá bhfanfadh na bearta frithdhumpála cinntitheacha ar leibhéal an chorrlaigh díobhála go gcoinneodh na húsáideoirí brabúsacht dhearfach fós, fiú amháin agus an leibhéal dleachtanna frithdhumpála á chur san áireamh agus ag glacadh leis nach gcuirfí an costas méadaithe ar aghaidh chuig a gcustaiméirí.

(222) In éagmais barúlacha eile maidir le leas úsáideoirí, deimhníodh na conclúidí a leagtar amach in aithrisí (319) den Rialachán sealadach. Barúlacha a bhaineann le leas úsáideoirí i gcomhthéacs na héifeachta ar shlabhraí soláthair do chuideachtaí an Aontais de réir bhrí Airteagal 7(2b) den bhun-Rialachán, tugadh aghaidh orthu faoi roinn 6.2.1.3 den Rialachán seo.

7.4. **Conclúid maidir le leas an Aontais**

(223) Ar bhonn a bhfuil thuas, rinneadh na conclúidí a leagtar amach in aithris (320) den Rialachán sealadach a dheimhniú.

8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA CINNTITHEACHA**

8.1. **Bearta cinntitheacha**

(224) I bhfianaise na gconclúidí ar ar thángthas maidir leis an dumpáil, an díobháil, leis an gcúisíocht, leibhéal na mbeart agus leas an Aontais, agus i gcomhréir le hAirteagal 9(4) den bhun-Rialachán, ba cheart bearta frithdhumpála cinntitheacha a fhorchur ionas nach ndéanfar tuilleadh díobhála don tionscal de chuid an Aontais le hallmhairí dumpáilte an táirge lena mbaineann.

(225) Ar bhonn a bhfuil thuas, rátaí na dleachta frithdhumpála cinntithí, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc, ba cheart iad a bheith mar a leanas:

Tír	Cuideachta	Corrlach dumpála (%)	Corrlach díobhála (%)	Dleacht frithdhumpála chinntitheach (%)
Daon-Phoblacht na Síne	Xiangtan	47,2 %	8,6 %	8,6 %
	Guiliu	62,9 %	0 %	0 %
	Daxin	18,3 %	17,1 %	17,1 %
	Cuideachtaí comhoibríocha eile	47,4 %	10,1 %	10,1 %
	Gach cuideachta eile	100,9 %	35,0 %	35,0 %

(226) Na rátaí dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, bunaíodh iad ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú iad ar an staid mar a bhí le linn an imscrúdaithe maidir leis na cuideachtaí sin. Tá na rátaí dleachta sin, dá bhrí sin, infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge faoi imscrúdú ar de thionscnamh na tíre lena mbaineann é agus arna tháirgeadh ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna monarú ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis i ndáil leo sin a luaitear go sonrach, ní féidir leo tairbhe a bhaint as na rátaí sin agus ba cheart iad a bheith faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir le 'gach cuideachta eile'.

(227) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfí na rátaí aonair sin maidir le dleacht frithdhumpála i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin ([48]). Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(228) Chun na rioscaí imchéimniúcháin a íoslaghdú de bharr na difríochta i rátaí dleachta, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm ceart na ndleachtanna aonair frithdhumpála a áirithiú. Ní mór do na cuideachtaí a bhfuil dleachtanna frithdhumpála aonair acu sonrasc tráchtála bailí a thíolacadh d'údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór don sonrasc a bheith i gcomhréir leis na riachtanais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo. Ba cheart d'allmhairí nach mbíonn sonrasc ag gabháil leo a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le 'gach cuideachta eile'.

(229) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na rátaí aonair dleachta frithdhumpála a chur i bhfeidhm ar allmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc dóibh a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den rialachán seo, ba cheart d'údaráis chustaim na mBallstát a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(230) Má thagann méadú suntasach ar mhéid na n-onnmhairí ag ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na rátaí dleachta aonair níos ísle, go háirithe tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gur athrú ann féin é méadú den sórt sin ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur beart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin, is féidir imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha chun déanamh amhlaidh. Féadfar scrúdú a dhéanamh san imscrúdú sin, *inter alia*, ar an ngá atá leis an ráta nó na rátaí dleachta aonair a bhaint agus ar an ngá le dleacht ar fud na tíre a fhorchur dá bharr sin.

([48]) An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, Stiúrthóireacht G, Wetstraat 170 Rue de la Loi, 1040 an Bhruiséil, an Bheilg.

(231) Chun a áirithiú go ndéanfar na dleachtanna frithdhumpála a fhorfheidhmiú mar is ceart, ba cheart feidhm a bheith leis an dleacht frithdhumpála le haghaidh gach cuideachta eile ní hamháin maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha san imscrúdú seo, ach freisin maidir leis na táirgeoirí nach ndearna táirgí a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(232) Ba cheart táirgeoirí onnmhairiúcháin nár onnmhairigh an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin a bheith in ann a iarraidh ar an gCoimisiún a bheith faoi réir an ráta dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nach n-áirítear sa sampla. Ba cheart don Choimisiún iarraidh den sórt sin a dheonú ar choinníoll go gcomhlíontar trí choinníoll. Bheadh ar an táirgeoir onnmhairiúcháin nua an méid seo a leanas a léiriú: (i) nár onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin; (ii) nach bhfuil sé comhlachaithe le táirgeoir onnmhairiúcháin a rinne amhlaidh; agus (iii) gur onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann i ndiaidh na tréimhse sin nó chuaigh sé faoi oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe cainníochtaí substaintiúla a onnmhairiú.

(233) Féadfaidh onnmhaireoir nó táirgeoir nach ndearna an táirge lena mbaineann a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse a úsáideadh chun leibhéal na dleachta is infheidhme faoi láthair ar a onnmhairí a shocrú a iarraidh ar an gCoimisiún go gcuirfí í faoi réir an ráta dleachta frithdhumpála do chuideachtaí comhoibríocha nach bhfuil san áireamh sa sampla. Ba cheart don Choimisiún iarraidh den sórt sin a dheonú, ar choinníoll go gcomhlíontar trí choinníoll. Bheadh ar an táirgeoir onnmhairiúcháin nua an méid seo a leanas a léiriú: (i) nár onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse a úsáideadh chun leibhéal na dleachta is infheidhme maidir lena onnmhairí a shocrú; (ii) nach bhfuil sé comhlachaithe le cuideachta a rinne amhlaidh a d'fhágfadh go bhfuil sé faoi réir na ndleachtanna frithdhumpála; agus (iii) gur onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann tar éis na tréimhse sin nó go ndeachaigh sé faoi oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe cainníochtaí substaintiúla a onnmhairiú.

8.2. **Bailiúchán cinntitheach na ndleachtanna sealadacha**

(234) I bhfianaise na gcorrlach dumpála a fuarthas agus leibhéal an díobhála a rinneadh don tionscal de chuid an Aontais, ba cheart na méideanna a daingníodh leis na dleachtanna frithdhumpála sealadacha arna bhforchur leis an Rialachán sealadach, a bhailiú go cinntitheach suas go dtí na leibhéil a bhunaítear faoin Rialachán reatha.

9. **FORÁIL CHRÍOCHNAITHEACH**

(235) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratrom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([49]), nuair a bheidh méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is é an t-ús is ceart a íoc an ráta a chuireann an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna bhfoilsiú i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.

(236) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí dé-ocsaídí mangainéise leictrealaíocha (mar atá dé-ocsaídí mangainéise a tháirgtear trí phróiseas leictrealaíoch) ach ndéantar teaschóireáil orthu tar éis an phróisis leictrealaíoch, atá faoi láthair faoi chód CN ex 2820 10 00 (cód TARIC 2820 10 00 10) agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.

2. Is mar a leanas a bheidh na rátaí cinntitheacha maidir le dleacht frithdhumpála is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, a bhí ag na táirgí a bhfuil tuairisc orthu i mír 1 agus arna dtáirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

([49]) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Tír	Cuideachta	**Dleacht frithdhumpála chinntitheach** (%)	Cód breise TARIC
Daon-Phoblacht na Síne	Xiangtan Electrochemical Scientific Ltd Jingxi Xiangtan electrochemical scientific ltd.	8,6 %	899N
	Guangxi Guiliu New Material Co., Ltd Guangxi Xiatian Manganese Mine Co. LTD	0 %	899O
	Guangxi Daxin Huiyuan New Energy Technology Co., Ltd	17,1 %	899P
	Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear in Iarscríbhinn	10,1 %	
	Gach cuideachta eile	35,0 %	C999

3. Beidh cur i bhfeidhm na rátaí dleachta aonair a shonraítear le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a bheith curtha faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, sonrasc nach mór dearbhú a bheith air arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, ar oifigeach é arna shainaithint lena ainm agus lena fheidhm, agus ní mór an dearbhú a dhréachtú mar a leanas: *'Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid) (an táirge lena mbaineann) a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é i nDaon-Phoblacht na Síne. Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis a chuir mé sa sonrasc seo iomlán agus ceart.'* Mura gcuirtear an sonrasc sin isteach, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach cuideachta eile.

4. I gcásanna ina ndearnadh damáiste d'earraí roimh theacht i saorchúrsaíocht dóibh agus, dá bhrí sin, go ndéantar an praghas iarbhír a íocadh nó an praghas atá iníoctha a chionroinnt chun an luach custaim a chinneadh de bhun Airteagal 131(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ([50]), déanfar céatadán ar leith a chomhfhreagraíonn do chionroinnt an phraghais iarbhír a íocadh nó an phraghais iníoctha a bhaint de mhéid na dleachta frithdhumpála, arna ríomh ar bhonn na méideanna a shocraítear thuas.

5. Mura sonraítear a mhalairt, na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim, beidh feidhm ag na forálacha sin.

Airteagal 2

Na méideanna fuarthas trí bhíthin na dleachta frithdhumpála sealadaí faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2120 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí dé-ocsaídí mangainéise leictrealaíocha de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, déanfar iad a bhailiú go cinntitheach. Scaoilfear na méideanna a urrófar atá níos mó ná rátaí cinntitheacha an dleachta frithdhumpála.

Airteagal 3

Féadfar Airteagal 1(2) a leasú chun táirgeoirí onnmhairiúcháin nua ó Dhaon-Phoblacht na Síne a chur leis agus iad a chur faoi réir mheánráta ualaithe iomchuí na dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nár áiríodh sa sampla. Tabharfaidh táirgeoir onnmhairiúcháin nua fianaise maidir leis an méid seo a leanas:

(a) nach ndearna sé na hearraí a shonraítear in Airteagal 1(1) a onnmhairiú le linn na tréimhse imscrúdúcháin (an 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022);

(b) nach bhfuil sé comhlachaithe le honnmhaireoir ná le táirgeoir atá faoi réir na mbeart arna bhforchur ag an Rialachán seo, agus a d'fhéadfadh comhoibriú san imscrúdú bunaidh; agus

([50]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558)

(c) an táirge lena mbaineann, is táirge é atá onnmhairithe aige, sin nó tá oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air méid suntasach de a onnmhairiú chuig an Aontas tar éis dheireadh thréimhse an imscrúdaithe.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Márta 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha nár sampláladh

Tír	Ainm	Cód breise TARIC
Daon-Phoblacht na Síne	Guizhou Redstar Developing Dalong Manganese Industry Co., Ltd.	899Q
	Guizhou Manganese Mineral Group Co., Ltd.	899R
	Prince Minerals China Ltd	899S
	Hunan Qingchong New Materials Co., Ltd.	899T